

Comhdháil Bhliantúil

2011



Ag Saibhriú
Saol Páistí



Gaelscoileanna 
www.gaelscoileanna.ie

CAOL DÍREACH...

go ceann scríbe!

gaeilge.ie

THE IRISH
LANGUAGE
SUPERHIGHWAY

An Ghaeilge
The Irish Language

Foghlaim
Learning

Úsáid
Using

Eolaire
Directory

Foras na Gaeilge
Foras na Gaeilge

Ní gá dul amú a thuilleadh. Tá bealach glan romhat. Pé eolas atá uait faoin nGaeilge agus a mbaineann léi, éascóidh www.gaeilge.ie do thuras.

Féach go speisialta inneall fógraíochta NASC, áit gur féidir leat:

- cúrsa/ imeacht a fhógairt nó a iarraidh,
- do shainpéis a chlárú (chun nod a fháil nuair a bhíonn eolas nua faoi ar an sulomh), nó
- a bhfuil ar fáil i do cheantar féin a chuartú.

Tabhair cuairt agus glac páirt sa Chíbear-ghaeltacht inniu!

No roundabouts here. Let the information superhighway take you where you want to go with the Irish language. Just log on to www.gaeilge.ie for the quickest route to the information you need.

Check out the NASC classified ads where you can:

- post an ad to request or advertise a course/ event,
- register your area of interest to get alerts when new info is posted, or
- search for what's available in your neighbourhood. And much more.

It's never been easier to connect with the Cyber-gaeltacht!

do nasc leis an teanga

gaeilge.ie

your link to the language



Foras na Gaeilge

T: 1850 325 325 / 0845 309 8142 (T.É.) R: eolas@forasnagaeilge.ie



Clár

Fáilte an Ardfheidhmeannaigh	02
Aitheasc an Uachtaráin	04
Clár na Comhdhála	08
Ceiliúradh na Scoileanna Lán-Ghaeilge	12
Rialacha Seasta	14
Ainmniúcháin na n-Oifigeach	16
Ainmniúcháin na nGnáth-Stiúrthóirí	18
Rúin Chomhdháil Bhliantúil GAELSCOILEANNA TEO. 2011	20
Na Scoileanna Áitiúla	26
Tuairisc ar Rúin 2010 & ar Obair na hEagraíochta	29
Tuairisc an Rúnaí 2011	42
Dréacht-Mhiontuairiscí ón gCruinniú Cinn Bhliana 2010	44
Ráiteas Airgeadais 2011	47
Liosta na seastán	62



Fáilte an Ardfheidhmeannaigh



A Chairde dhil,

Thar ceann GAELSCOILEANNA TEO., is mian liom fáilte mhór ó chroí a chur roimh gach duine atá anseo inár measc do Chomhdháil Bhliantúil agus Oideachais 2011. Léirigh an t-aiseolas ó Chomhdháil Oideachais 2010 go raibh sibh sásta leis an ionad agus mar sin, táimid an-sásta a bheith ar ais anseo sa Tulach Mhór arís. Cuirimid fáilte Uí Cheallaigh roimh gach Príomhoide, Múinteoir, Tuismitheoir, Ball de Choistí na dTuismitheoirí, Ball de na Boird Bhainistíochta, ionadaithe ó Fhoras na Gaeilge agus gach ionadaí ó na hEagrais Ghaeilge agus Oideachais atá linn don Chomhdháil. Táimid an-bhuíoch díobh as an turas a chur oraibh féin agus tá súil agam go mbeidh sibh uile den tuairim ina dhiaidh gurbh fhiú an tairbhe an iarracht.

Le linn na bliana, scaipeadh suirbhé ar na scoileanna ar mhaithe le deis a thabhairt daoibh moltaí a dhéanamh faoi na réimsí oiliúna inmhianaithe atá agaibh. Bhíomar an-sásta a bheith in ann freastal ar roinnt de na héilimh sin agus eascraíonn an clár leathan, cuimsitheach atá á chur ar fáil daoibh as an gcomhairliúchán sin. Aithníonn an Roinn Oideachais agus Scoileanna tábhacht na Comhdhála seo d'oiliúint ghairmiúil na scoileanna lán-Ghaeilge agus tugtar cead do scoileanna múinteoir a shaoradh le freastal. Cé nár éirigh lenár n-iarratas ionadaíocht a fháil i bhfianaise ciorruithe, is mór an tábhacht aitheantas oifigiúil na Roinne a fháil d'fhiúntas na Comhdhála do na scoileanna. Aithnítear go forleathan go dtugann an Chomhdháil deis do na scoileanna plé a dhéanamh ar shaincheistean móra, éisteacht le saineolas ó na scoileanna agus ó na haíonna agus moltaí ar dhea-chleachtais idir scoileanna a roinnt ar a chéile.

Roghnaíomar *Ag Saibhriú Saol Páistí* mar mhana na Comhdhála i mbliana. Is tráthúil an mana atá roghnaithe agus muid i lár tréimhse an-dúshlánach i ngeilleagar na tíre agus in earnáil an ghaeloideachais trí chéile. Tá ciorruithe leanúnacha á gcur i bhfeidhm agus á mbagairt a bhfuil impleachtaí an-mhór ag baint leo d'fheidhmiú laethúil na scoileanna. I gcomhthéacs téama saibhris agus caighdeán, táimid an-bhuíoch den Fhoras Taighde as bheith sásta torthaí na dtástálacha ar chaighdeán na mata agus an Bhéarla sna scoileanna lán-Ghaeilge a fhoilsiú díreach in am don Chomhdháil seo. Táimid an-bhuíoch den Dr. Gerry Shiel as teacht inár láthair chun labhairt faoi na torthaí agus na himpleachtaí lena mbaineanna do na scoileanna. Aithníonn na torthaí go bhfuil roinnt dúshláin sa chóras, go háirithe mar a bhaineann leis an mata, ach de réir mar a bheimis ag súil leis, deimhníonn an taighde go bhfuil caighdeán an Bhéarla sna scoileanna lán-Ghaeilge ag leibhéal an-ard agus ag ardú. Is cruthúnas é seo ar shár-obair, díograis agus cumas na scoileanna agus sár-éifeacht an chórais tumoideachais mar chóras oideachais.

Is iomaí acmhainní agus tacaíochtaí atá de dhíth chun cothrom na féinne a thabhairt don chóras, ach de réir a chéile, tá feachtas ag méadú ar na riachtanais atá ann. Tá ag éirí leis an eagraíocht agus leis na scoileanna dul i bhfeidhm ar an Roinn ar roinnt saincheistean, ach is iomaí dúshlán atá ann le dul i ngleic leo. Áirím go háirithe an mhórchonspóid faoi phróiseas aitheantais bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna nua; an riaráiste suntasach atá ann do sholáthar cóiríochta cuí do scoileanna atá i gcúinsí míshásúla agus le fada an lá; an t-athrú tubaisteach ar an gcóimheas múinteoirí le daltaí, an t-easnamh atá ann i dtaobh painéal ath-implonaithe do mhúinteoirí na scoileanna lán-Ghaeilge agus mí-oiriúnacht an tSiollabais Gaeilge don Ardteist Ardleibhéil.

Tá aitheantas ag dul do gach ball de na scoileanna agus do na coistí bunaithe uile as gan radharc a chailliúint ar an mórsprioc a bhaineann leis na scoileanna lán-Ghaeilge in ainneoin na gconstaicí, is é sin leibhéal an-ard oideachais a chur ar fáil do na páistí agus é sin i dtimpeallacht shaibhir a dhéanann ceiliúradh ar thábhacht an chultúir agus oidhreacht na tíre trínár dteanga dhúchas.

Is cinnte go mbeidh bliain dhúshlánach romhainn mar eagraíocht, mar earnáil agus mar ghníomhairí ar son an ghaeloideachais in Éirinn, go háirithe leis an athstruchtúrú agus an cuíchóiriú atá beartaithe san earnáil. Táimid tiomanta agus díoghbháilte faoi leanúint ar aghaidh ag cur seirbhísí tacaíochta riachtanacha ar fáil agus ag déanamh stocaireachta ar an Rialtas chun a chinntiú go ndéanfar an earnáil a threisiú. Tá tuairisc ar obair na heagraíochta leagtha amach ar leathanaigh 29-41, agus fáiltím riamh roimh aon cheisteanna ná moltaí maidir lenár gclár oibre.

Is iomaí cúis ceiliúrtha a bhíonn ag na scoileanna lán-Ghaeilge agus leagtar amach ar leathanaigh 12-13 gailearaí na scoileanna atá i mbun ceiliúrtha. Guímid gach rath orthu agus ar gach scoil a bhfuil ceiliúradh déanta acu le déanaí nó a bhfuil ceann beartaithe acu.

Cuirim fáilte Uí Cheallaigh roimh na scoileanna lán-Ghaeilge atá lonnaithe sa cheantar máguaird, agus ár mbuíochas ar leith le Gaelscoil Eiscir Riada agus le Gaelscoil Éadan Doire atá ag cabhrú linn chun a chinntiú go gcuirfear siamsaíocht, ealaín agus ceol álainn na bpáistí ar fáil dúinn.

Tá súil againn go gcuirfear neart ábhar machnaimh agus deiseanna gréasánaithe ar fáil daoibh tríd an Chomhdháil seo. Táimid an-sásta go mbeidh an tAire Ciarán Cannon ón Roinn Oideachais agus Scileanna linn chun labhairt faoi thábhacht na scoileanna lán-Ghaeilge agus faoi roinnt de mhór-dhúshláin na hearnála. Is mór an phribhléid é don eagraíocht go bhfuil Príomhfheidhmeannach an Choimisiún um Chearta an Duine, Éamonn Mac Aodha, chun labhairt linn ag Fáiltiú na Comhdhála faoi chearta ar oideachas in Éirinn. Mar a bhíonn ann gach bliain, déanfaidh buaiteoirí an chomórtais *Scléip* taispeántas dúinn agus leanfaimid orainn ag damhsa tríd an oíche ag an gcéile faoi stiúir Dhiarmaid Ua Bhruadair (Coláiste Feirste).

Bainigí tairbhe as na himeachtaí agus taitneamh as bheith ar ais i gcomhluadar a chéile do Chomhdháil Bhliantúil agus Oideachais 2011.

Bláthnaid ní Ghréacháin
Ardfheidhmeannach



Foireann GAELSCOILEANNA TEO.: Áine Ní Neachtain, Bláthnaid ní Ghréacháin, Clare Walsh, Nóra Ní Loingsigh, Clare Spáinneach.





Aitheasc an Uachtaráin, 2010



An Gaeloideachas – croílár na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge

Is mór an onóir dom fáilte a chur romhaibh ar fad chuig Comhdháil Bhliantúil agus Oideachais 2010 de chuid Gaelscoileanna Teo.. Tá sé iontach slua mór a fheiceáil linn inniu. Tugann an Chomhdháil Bhliantúil deis iontach dúinn teacht le chéile, idir sheanchairde agus chairde nua le foghlaim óna chéile agus le hardchaighdeán sna scoileanna lán-Ghaeilge a cheiliúradh. Leagann GAELSCOILEANNA TEO. béim faoi leith ar Chomhdháil den scoth a eagrú gach bliain agus táim cinnte go bhfuil a leithéid romhainn i mbliana.

Cuirim fáilte speisialta roimh dhaltaí, mhúinteoirí agus phobal na scoileanna áitiúla: Gaelscoil Eiscir Riada agus Gaelscoil Éadan Doire. Tá anchúnamh tugtha acu dúinn chun an Chomhdháil seo a reáchtáil agus táimid fíor-bhuíoch díobh. Molaim na páistí a chuir taispeántais ealaíne agus ceoil ar fáil dúinn ar maidin.

Is mian liom buíochas a ghabháil le hÉamonn Murtagh, Príomhchigire Cúnta na Roinne as a bheith linn arís i mbliana. Tá an-tacaíocht léirithe ag Éamonn le tamall ar cheist an luath-thumoideachais agus is ball é freisin den fhochoiste nua ar chomhoibriú thuaidh theas maidir le forbairt earnáil an ghaeloideachais. Ceann de na tograí a d'eascair as an gcomhoibriú seo ná an chuairt ó naonúr múinteoirí ó ghaelscoileanna ó thuaidh ar roinnt d'ár scoileanna inné chun saineolas agus malartú dea-chleachtais a éascú. Cuirfimid fáilte ar leith roimh na múinteoirí seo atá linn don Chomhdháil agus beimid ag súil le comhoibriú leanúnach leo sa todhchaí.

Mar is eol daoibh, aistarraingíodh ciorclán 0044/2007 maidir le Teanga agus Litearthacht i

Ranganna Naíonán sna scoileanna lán-Ghaeilge i mbliana. Bhí seo mar thoradh ar dhá bhliain go leith de dhian-fheachtas san earnáil i gcoinne an chiorcláin ó foilsíodh é sa bhliain 2007. Ba mhaith liom, mar a rinne mé anuraidh, misneach na n-iarratasóirí sa chúis dlí a aithint agus a mholadh. Chuir an agóid seo in aghaidh bhagairt na Roinne Oideachais agus Scileanna deireadh a chur leis an Luath-thumadh lomlán. Ba mhian liom chomh maith an ról a d'imir ár bpáirtithe oideachais & Gaeilge chun an feachtas a bhrú chun cinn a aithint.

Mar is eol daoibh freisin, ghlacamar páirt i gcainteanna oscailte agus macánta i rith na bliana seo caite leis an Roinn chun saincheisteanna na hearnála a phlé leo inár ról mar ionadaithe ar scoileanna lán-Ghaeilge uile na tíre. Níl aon amhras orm ach go bhfuil tuiscint na Roinne ar riachtanais na hearnála méadaithe dá bharr. Seo a bhí de dhíth chun go leanfaidh an tacaíocht riachtanach ón Roinn agus chun go bhforbrófar an córas sealbhaithe teanga is éifeachtaí. Bhí tuilleadh cainteanna eadrainn ó shin: cuireadh aighneacht faoi bhráid na Roinne maidir le teagasc agus le spriocanna churaclaim an Bhéarla sna ranganna naíonáin. Táimid fíor-bhuíoch de Shiobhán Uí Bhraoin as a cuid cúnamh leis seo.

Fáiltím roimh an ráiteas ó Éamonn faoin tábhacht a bhaineann le forbairt chlár ceart taighde ar an tumoideachas. Táimid ag súil go mór le torthaí ón mheasúnacht náisiúnta ar ghnóthachtáil daltaí rang a dó agus rang a sé i léitheoireacht an Bhéarla agus sa Mhatamaitic a rinne an Foras Taighde ar Oideachas, go háirithe mar a bhaineann le scoileanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge. Táimid, áfach, ag fanacht go foighneach ar fhógairt an chórais luath-thumoideachais nua agus ag súil leis go n-aithneoidh an córas nua buntáistí uile

an chórais luath-thumoideachais don dalta trí struchtúir agus tacaíochtaí cuí a chur ar fáil d’ár scoileanna.

Ní gá a rá go bhfuil cúrsaí eacnamaíochta i staid an-bhaolach i láthair na huaire. Ní féidir éalú uaidh, faraor, agus tuigim go maith gur gá dúinn ar fad a bheith freagrach as ár n-éilimh féin. É sin ráite, mar oideachasóirí, tuigimid rí-thábhacht an oideachais do thodhchaí na tíre agus thar aon ní eile, creidimid nach cóir go mbeadh páistí na tíre thíos leis. Is scoileanna sinn a bhfuil sé mar phríomhsprioc againn sároideachas a chur ar fáil – tá sé baolach do thodhchaí na tíre seo mura ndéantar an infheistíocht chuí anois san acmhainn is mó a bheidh againn amach anseo; ár bpáistí óga, gur phobal teanga ar ardchaighdeán oideachais an todhchaí iad.

Tá *An Gaeloideachas – croílár na Straitéise fiche bliain don Ghaeilge* mar mhana na Comhdhála i mbliana agus an Straitéis 20 bliain don Ghaeilge ar tí a bheith foilsithe. Reáchtálfar seisiún díospóireachta faoin straitéis díreach i ndiaidh seo agus tá súil agam go mbeidh deis againn na saincheistanna a chíoradh go mion. Tá an-áthas orm go mbeidh an tAire Carey inár measc anocht d’fháiltiú na Comhdhála chun labhairt linn faoin tábhacht a fheiceann sé féin agus an Rialtas leis an earnáil ghaeloideachais. Aithnítear tríd an Straitéis gurb é réimse an ghaeloideachais croílár fhorbairt agus thodhchaí na straitéise don Ghaeilge. Tugann an t-aitheantas seo, mar aon leis na gealltanais chun leasa earnáil an ghaeloideachais atá leagtha amach sa Straitéis, ról lárnach do lucht riartha an oideachais, d’eagrais tacaíochta ar nós GAELSCOILEANNA TEO. agus do chleachtóirí sna scoileanna i múnú na todhchaí.

Fáiltímid go mór roimh na ráitis ar fhorbairt na hearnála gaelscolaíochta, ach aithnímid go n-imreoidh an ghéarchéim eacnamaíochta tionchar an-mhór ar an earnáil. Ar thaobh amháin, tá gealltanais á dtabhairt sa Straitéis ar fhorbairtí na hearnála agus ar an taobh eile, táimid ag troid i gcoinne constaicí leanúnacha. Tuigimid go bhfuil srian ar an Roinn ó thaobh

caiteachais; táimid freagrach as seo freisin, ach ní theastaíonn go mbeidh an Roinn ag úsáid na géarchéime mar cheap milleáin chun sleamhnú as a ndualgaís agus gealltanais i leith fhorbairt na gaelscolaíochta. Tagann frása faoi leith chun cinn domsa agus an cheist seo á plé: “Beart de réir Briathar”. Is léir dom go bhfuil roinnt mhaith frithrá nó coimhlinte idir na briathra agus na bearta.

Sampla maith den fhrithrá nó an choimhlint a fheicim idir na briathra agus na bearta ná an cheist a bhaineann le bunú scoileanna. I 2008, chuir an tAire Oideachais deireadh leis an gcóras a bhí ann le scoileanna nua a bhunú go neamhspleách agus cuireadh tús le próiseas athbhreithnithe ar an gcóras chun aitheantas a bhaint amach do scoileanna nua. Idir an dá linn ní bheadh bunscoileanna ag oscailt ach i gceantair a bhí ag fás gan dóthain áiteanna scolaíochta iontu. Cáinimid go láidir cinneadh na Roinne Oideachais agus Scileanna gan aitheantas a thabhairt do Choiste Bunaithe Ghaelscoil Rath Tó oscailt i Meán Fómhair na bliana seo, in ainneoin go raibh éileamh an-mhór cruthaithe don ghaelscoil agus go raibh an ceantar aitheanta mar cheantar fáis. Ar thaobh amháin, luann ráiteas físe an Rialtais i leith na Gaeilge “go gcuirfear oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil do dhaltai scoile arb é mian a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí é”, agus ar an taobh eile, diúltaíodh cead oscailte do Ghaelscoil Rath Tó! Molaim díograis agus dílseacht an Choiste Bunaithe oscailt gan aitheantas agus dearbhaím tacaíocht iomlán na heagraíochta don scoil agus don choiste bunaithe. Cuirimid fáilte ar leith roimh Phríomhoide na scoile nua, Tricia Ní Mhaolagáin, agus leanfaimid orainn ag tabhairt gach tacaíochta di chun leasa thodhchaí na scoile. Molaim an tacaíocht atá léirithe ag scoileanna, ag na heagrais Ghaeilge agus ag an ngrúpa Aitheantas don fheachtas agus éilím go dtabharfar aitheantas do Ghaelscoil Rath Tó láithreach chun gur féidir léi freastal ar an éileamh ollmhór a bheidh ar áiteanna sa scoil sna blianta romhainn.



Tá sé i gceist go bhfoilseoidh an Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna, a bhfuil ionadaíocht ag GAELSCOILEANNA TEO. air, critéir do bhunú scoileanna nua go luath. Seasfaimid i gcónaí le cearta tuismitheoirí an gaeleideachas a bheith mar rogha oideachais dá gcuid páistí agus troidfimid go tréan ar son éilimh ar an ngaeleideachas mar chritéar lárnach in aon phróiseas nua aitheantais scoile don bhunleibhéal agus don iar-bhunleibhéal. Tá an eagraíocht ag déanamh stocaireachta i gcónaí tríd an Choimisiún um Chóiríocht Scoileanna ag éileamh go mbeidh an ghaelscolaíocht mar bhun-chritéar sa phróiseas aitheantais scoile. Níl sé cothrom ceist na gaeolscolaíochta a cheangal le ceisteanna a bhaineann le héiteas nó sainmheon creidimh. Is féidir le gaeilscoil freastal ar gach sainmheon agus seasann an t-éileamh ar an ngaeleideachais leis féin. Ní féidir an t-éileamh ar an ngaeleideachas a shásamh trí shuíocháin fholmha a oiráil sna scoileanna áitiúla, scoileanna nach bhfreastalaíonn ar éileamh na hearnála agus níl seo sásúil mar chur chuige.

I mí Iúil 2010, d'fhógair an Tánaiste go dtiocfadh leasú ar an bpróiseas a bhaineann le hiar-bhunscoileanna nua a aithint. De réir mar a cuireadh os comhair an phobail ag CCB 2009, fáiltíonn GAELSCOILEANNA TEO. roimh chóras nua trédhearcach maidir leis an bpróiseas cinnteoireachta ag leibhéal na Roinne. Bunóidh an Roinn Grúpa Comhairleach a fhorbróidh moltaí maidir le haitheantas d'iar-bhunscoileanna chun díriú ar áiteanna scoile a chur ar fáil do 67,000 daltaí breise faoi 2024. Beidh ról lárnach ag GAELSCOILEANNA TEO. i gcinntiú go rachaidh an t-athchóiriú beartaithe chun leasa na hiar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge agus go dtabharfar aitheantas cuí do riachtanais agus don éileamh mór, inchosanta ar sholáthar iar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge. Beimid ag fáiltiú go mór roimh an deis dul i mbun comhairliúcháin leis an Roinn ar fhorbairt an phróisis seo maidir leis na critéir a bhainfidh le bunú iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Tá Gaelcholáiste nua ceadaithe do Charraig Uí Leighin do 2012. Fáiltímid go mór roimh chinneadh an Aire

Oideachais agus Scileanna 21 acra a cheannach ar a lonnófar an Gaelcholáiste, bunscoil nua (is féidir go mbogfaidh Gaelscoil Charraig Uí Leighin ann) agus scoil do pháistí le riachtanais speisialta. Molaim na coistí bunaithe iar-bhunscoile ar fad atá gníomhach i mbun feachtas stocaireachta, ullmhú aighneachta, staidéir féidearthachta, réamh-rollacháin daltaí agus idirphlé mar gheall ar shuíomhanna faoi láthair.

Ardaítear ceist na cóiríochta d'ár gcuid scoileanna ag gach Comhdháil Bhliantúil de chuid GAELSCOILEANNA TEO.. Le déanaí, tháinig sé chun solais don dara bliain as a chéile go raibh beagnach leath de bhuiséad caipitil na Roinne gan a bheith caite nó le caitheamh go fóill roimh dheireadh na bliana. Níl sé seo sásúil. Deir an Roinn go mbaineann an fo-chaiteachas seo le héifeachtúlacht agus le sábháiltí ar chostais chomh maith le moill ar chúrsaí bogadh chun cinn. Is mór an t-ábhar míshástachta é seo d'ár gcuid scoileanna, go háirithe iad siúd atá ag fanacht le fada an lá ar réiteach buan dá gcuid fadhbanna cóiríochta féin. Is léir dom nach bhfuil an córas mar a sheasann sé ag obair mar ba chóir agus go bhfuil gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige mar ábhar práinne. Is cosúil go bhfuil bóithre níos tábhachtaí ná páistí. Is cóir go mbeadh ordú ceannaigh éigeantaigh (CPOs) ar fáil chun suíomhanna a cheannach do scoileanna mar atá ar fáil le bóthar nua a thógáil. Chomh maith leis sin, tá se thar am go raibh na critéir thosaíochta do mhórtionscnaimh thógála leasaithe sa treo is go mbeidh scoileanna atá i gcóiríocht shealadach go fadtéarmach aitheanta mar thosaíocht.

Frithrá nó coimhlínt eile a fheicim ná na deacrachtaí atá ardaithe i dtaobh shiollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta Ardleibhéil. Foilsíodh siollabas leasaithe Gaeilge don Ardteist. i Samhradh 2010 ina bhfuil laghdú suntasach ar an gcúrsa litríochta agus méadú ar líon na marcanna a bhronnfar don bhéaltíriail. Ábhar mór míshástachta a bhí san easpa comhairliúcháin a rinneadh le páirtithe & le scoileanna, mar aon leis an easpa fógra do scoileanna le cur ar a gcumas na h-ullmhúcháin chuí a dhéanamh.

Chun dul i ngleic leis an bhforbairt seo, bunaíodh Meitheal na Gaeilge ATAL faoi chathaoirleacht Anna Uí Ghallchóir, atá comhdhéanta de bhaill GAELSCOILEANNA TEO. agus ESG. Tá an Mheitheal ag iarraidh cur ina luí ar an Aire agus ar Oifigigh na Roinne go mbeidh impleachtaí móra sna hathruithe siollabais do chaighdeán Gaeilge na ndaltaí sna scoileanna lán-Ghaeilge mar nach mbeidh dúshlán feiliúnach ann dóibh. Tá an Mheitheal ag éileamh ar an Aire agus ar Thánaiste Coughlan go gcuirfí ábhar Gaeilge breise ar fáil ag ardleibhéal na hArdteiste, ábhar a rachadh i ngleic leis na dúshláin scríbhneoireachta a fheictear ag an leibhéal seo faoi láthair. Thabharfadh an t-ábhar seo deis do na daltaí a bhfuil leibhéal ard Gaeilge acu forbairt a dhéanamh ar a gcuid scileanna teanga agus tuiscint cheart a fháil ar oidhreacht liteartha na Gaeilge. Thug an tAire le fios go mbeidh an siollabas nua á chur i bhfeidhm mar chéad chéim, go ndéanfar athbhreithniú air agus go dtabharfar moltaí na meithle san áireamh san athbhreithniú céanna. Cáinimid na leasuithe a rinneadh ar Shiollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta Ardleibhéil gan sainriachtanais na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a chur san áireamh. Éilimid freisin go ndéanfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna athmhachnamh ar an gcinneadh diúltú d'iarratas na Meithle ATAL ábhar nua ardteiste a thabhairt isteach i saíocht agus i litríocht na Gaeilge le freastal ar dhaltaí le hardchaighdeán Gaeilge. Cé go mbeidh marcanna breise ag dul don bhéaltrial, ní léir go fóill cén dúshlán breise a chuirfí roimh dhaltaí a bhfuil leibhéal maith Gaeilge acu cheana féin. Ní léir ach an oiread cén córas measúnachta a úsáidfear don bhéaltrial nua. Leanfaidh Meitheal na Gaeilge ATAL ag déanamh stocaireachta ar an Roinn agus ar an Aire go dtí go dtabharfar cothrom na féinne dóibh siúd a bhfuil an dúshlán breise de dhíth orthu.

Le bliain anuas, tá athstruchtúrú maoinithe á dhéanamh ar earnáil na Gaeilge, an earnáil bhunmhaoinithe ag Foras na Gaeilge go háirithe. Leanfar go sealadach leis an maoiniú go dtí go mbeidh an próiseas athstruchtúraithe i gcrích. Tá todhchaí maoinithe na hearnála ina cheist leanúnach, dhúshlánach agus tá GAELSCOILEANNA TEO. i gcomhar le Fóram na

Gaeilge agus na heagrais bhunmhaoinithe eile ag comhoibriú leis an bhForas chun go mbeidh an toradh is fearr agus is éifeachtaí d'earnáil na Gaeilge ar an bpróiseas athstruchtúraithe seo. Tá a lán comhoibrithe ar bun le tamall anuas idir eagrais lán-Ghaeilge chun leasa an phobail agus beidh sé mar thoradh ar an athstruchtúrú atá idir lámha ag leibhéal an Stáit go mbeidh níos mó comhoibrithe ar bun ar bhonn foirmiúil. Sa chomhthéacs seo, déanfaidh GAELSCOILEANNA TEO. anailís ar na féidearthachtaí ar fad atá ar fáil dóibh.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Foras na Gaeilge a chuireann ar ár gcumas an Chomhdháil Oideachais a reáchtáil gach aon bhliain. Gan a dtacaíocht leanúnach, ní bheimis ábalta freastal a dhéanamh ar na tuismitheoirí, daltaí, múinteoirí agus lucht bainistíochta inár scoileanna ag an dá leibhéal. Tá GAELSCOILEANNA TEO. an-buíoch as bhur gcabhair. Buíochas freisin d'ár bpáirtithe san earnáil oideachais agus Gaeilge, cuid mhaith acu anseo linn ar maidin. Gabhaim buíochas ar leith le Caoimhín, Siobhan agus Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge as an gcomhoibriú leanúnach ar raon leathan saincheisteanna.

Buíochas ó chroí le foireann na hoifige, Bláthnaid, Nóra, Clare Walsh, Clare Spáinneach agus Áine as ucht a gcuid oibre agus as a ndílseacht don eagraíocht. Buíochas mór freisin le baill an Bhoird Stiúrtha a oibríonn go deonach ar son na heagraíochta i rith na bliana.

Fillfidh mé ar cheist an gheilleagair mar chríoch. Nuair a chuala mé an chéad tagairt don IMF, shíl mé gur Irish-Medium-Funding a bhí i gceist! In ainneoin na bagartha laethúla atá ann san earnáil, tá dóchas agus muinín á léiriú sa Straitéis 20 bliain don Ghaeilge a aithníonn gurb é an gaeiloideachas bunchloch thodhchaí na Gaeilge amach anseo. Beart de réir briathair atá ag teastáil anois.

Go raibh míle maith agaibh.

Mícheál Ó Broin,
Uachtarán ar GAELSCOILEANNA TEO.





8

Aoine 25 Samhain (ar lean)

Seisiún 3 - Bunscoileanna & Iar-bhunscoileanna

14.30	Ceardlanna Iar-bhunscoileanna & Bunscoileanna Leanúntas Oideachais Múinteoirí ag an dá leibhéal, (Áine Lawlor, An Chomhairle Mhúinteoireachta).	DE Williams 2
	Iar-bhunscoileanna Léargas ar Thionscadal Mata, (Bernie Ní Dhonnchú, foireann Tionscadail Mata).	Manly Suite 1
	Bunscoileanna Aistear - creat churaclam do na luathbhlianta: cur chuige i ranganna na naíonán, (Niamh Uí Chadhla & Sibéal Breathnach, Gaelscoil Chill Dara).	Goodbody 1 & 2
15.45	Bunscoileanna Measúnú Scoile Uile i mbunscoileanna lán-Ghaeilge, (Marina Ní Threasaigh, Cigire na Roinne Oideachais & Scileanna).	Goodbody 3 & 4
	Bunscoileanna Nintendo DS mar áis teagaisc sa seomra ranga, (Robbie O'Leary, príomhoide, Sacred Heart Senior National School).	Manly Suite 2
	Tae/caife/seastáin	DE Williams 1 & an forhalla

Seisiún 4 - Grúpaí sainspéise

16.15	Ceardlanna Iar-bhunscoileanna Cur chuige úsáid na teicneolaíochta (Moodle, Edmodo, eportal etc.) in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge: féidearthachtaí agus dúshláin, (Tomás Ó Searcaigh, An tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge & Liam Ó Laighin, Coláiste an Phiarsaigh).	Manly Suite 1
	Na hAonaid Iar-bhunscoile Teacht le chéile Mhúinteoirí i bhFeighil na nAonad lán-Ghaeilge.	Manly Suite 2
	Iar-bhunscoileanna & Bunscoileanna Áiseanna nua ar fáil trí Ghaeilge, (Muireann Ní Mhóráin, COGG; Méabh Ní Loingsigh, An Gúm; Ciarán Ó Pronntaigh, An tÁisaonad & Seán Mac Nía, CCEA).	Goodbody 1
	Bunscoileanna Tacaíocht foghlama i gcomhthéacs na litearthachta agus na huimhearthachta, (Déirdre Ní Dhorchaí, Gaelscoil Mhichíl Cíosóg).	Goodbody 2



Aoine 25 Samhain (ar lean)

Seisiún 4 - Grúpaí sainspéise (ar lean)

16.15	Bunscoileanna Léiriú ar an tacaíocht agus ar an bhforbairt ghairmiúil atá ar fáil ón Seirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí i gcur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta ar an litearthacht agus an uimhearthacht, (Karen Brogan, An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí). Bunscoileanna Scoileanna lán-Ghaeilge DEIS, (Bairbre Ní Ghoill, Príomhoide Scoil Chaitlín Maude & Carol Lannin, An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais). Bunscoileanna Teacht le chéile do na príomhoidí nua (Éascaitheoir: Sinéad Ní Nualláin, príomhoide Gaelscoil Átha Í & Anita Nic Amhlaoibh, Gaelscoil Nás na Ríogh).	DE Williams 2 Goodbody 3 Goodbody 4
-------	---	--

Fáiltiú na Comhdhála

19.30	Cainteoirí • Mícheál Ó Broin, Uachtarán Gaelscoileanna Teo. • Éamonn Mac Aodha, Príomhfheidhmeannach leis an gCoimisiún um Chearta an Duine. • Niall Mac Uidhílin - Réamhléiriú ar chainéal COGG ar iTunesU (plean foghlamtha forbartha ag Máire Uí Dhufaigh agus Bairbre Ní Thuairisc).	Goodbody Suite
20.15	Dinnéar na Comhdhála • Taispeántas ó Bhuaiteoirí Scléip • Céilí • Crannchur	DE Williams 2 & 3



Clár na Comhdhála

Satharn 26 Samhain

09.30

Clárú

An Fáiltiú

Seisiún 1 - Bunscoileanna & Iar-bhunscoileanna

10.00

Ceardlanna

Príomhoidí agus Boird Bainistíochta Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna
Eolas maidir le hachomharc faoi Alt 29 den Acht Oideachais & polasaí iontrála cuí do scoileanna, (Seosamh Mac Donnacha, Acadamh na hOllscolaíochta, Gaillimh & Cormac Ó Dúlacháin, Abhcóide sinsearach).

DE Williams 2

11.15

Tae/caife/seastáin

DE Williams 1
& an forhalla

Seisiún 2 - Cruinniú Cinn Bhliana GAELSCOILEANNA TEO.

11.45

- Miontuairiscí CCB 2010 agus nithe astu
- Tuairisc an Rúnaí 2011
- Ráiteas airgeadais 2010
- Tuairisc na heagraíochta 2011 & tuairisc ar dhul chun cinn na rún 2010

DE Williams 2

12.00

- Na toghcháin
- Rúin na Comhdhála 2011

13.30

Lón (Bialann Windmill) agus Tionól an Bhoird Stiúrtha nua

14.30

Críoch





Ceiliúradh na Scoileanna Lán-Ghaeilge 2011

30

bliain faoi Bhláth



Céimeanna comparáide: grianghraif scoile ó 1981 agus ó 2011.

40

bliain ar an bhfód



Scoil Iognáid

25

bliain d'aois i mblíana



Scoil an Duinnínigh, Sord

25

bliain ar an bhfód



Gaelscoil Ultain

40

bliain d'aois i mblíana



Gaelscoil Mhachan

Nua

Foirgneamh nua ag an scoil



Gaelscoil Dara

Nua

Foirgneamh nua á cheiliúradh



Gaelscoil Uí Fhiaich

Nua

Foirgneamh úr-nua á cheiliúradh



Gaelscoil Bhriain Bóroimhe

25

bliain á cheiliúradh acu



Gaelscoil Uí Éigearthaigh

10

mblíana d'aois



Gaelcholáiste Reachrann

20

bliain ag fás



GAELSCOIL ADHAMHNÁIN

Nua

Foirgneamh úr-nua á cheiliúradh



Gaelscoil Bheantraí



Ag Saibhriú Saol Páistí



Na Rialacha Seasta

1. Rúin:




- 1.1 5 nóiméad ag an moltóir.
3 nóiméad ag gach duine eile.
- 1.2 Glacfar le leasuithe agus cuirfear iad os comhair an chruinnithe ag tosú leis an gceann deiridh. Ní cuirfear leasú atá cealaithe ag leasú a cuireadh roimh ré. Ní mór leasuithe a bheith i scríbhinn. Ní féidir leasú atá contráilte go hiomlán leis an mbunrún a chur.
- 1.3 Má mholtar rún ní féidir é a tharraingt siar ach le cead an chruinnithe.

2. Is féidir na rialacha seasta a chur ar leataobh chun rún nach bhfuil ar an gclár a phlé, ach:

- 2.1 Dhá thrian a bheith i bhfábhar an rúin a phlé.
- 2.2 Móramh dhá dtrian ag teastáil le glacadh leis.

3. Toghchán don Bhord Stiúrtha

- 3.1 Roghnóidh baill an réigiúin atá i gceist ionadaí don réigiún sin.
- 3.2 Toghfar an tUachtarán agus na hOifigigh le móramh simplí ach 50% ar a laghad de na vótaí a chaitear a bheith ag iarrthóir.
- 3.3 Toghfar baill eile an Bhoird Stiúrtha trí chóras na vótála singile nó iolraí do-aistrithe.



Le ceannach uathu seo:
An Siopa Leabhar
(01) 478 3814
www.litriocht.com www.cic.ie
www.siopagaeilge.ie

Séideán Sí

Naionáin Shóisir - Rang 6

www.gaeilge.ie/angum

• cúrsa comhtháite, páistelárnach le haghaidh mhúineadh na Gaeilge

• gach rang: leabhar an oide, leabhar an dalta, cdanna, póstaer, leabhairíní, leabhair mhóra, pictiúrchártaí, cluichí focal 7rl.

• ullmhaithe ag múinteoirí bunscoile agus maoinithe ag an Roinn Oideachais & Scileanna

Féach bróisiúr Séideán Sí www.gaeilge.ie/angum
(foilseacháin le híoslódáil - Bunscoil)

.....

An integrated and innovative course for the teaching of the Irish curriculum. Researched and written by teachers with many years experience and funded by the Department of Education and Skills.

Consult the Séideán Sí brochure at:
www.gaeilge.ie/angum
(click on Foilseacháin le híoslódáil - Bunscoil)



Foras na Gaeilge

Acmhainní Oideachais ar logainm.ie

Acmhainní Bunscoile

Tá na hacmhainní oideachais seo dírithe ar dhaltai sna ranganna sinsearach. Tá 6 scéim oibre ar fáil ar théamaí éagsúla, Tíreolaíocht, Crainn agus Coillte, Ainmhithe agus Éin, agus Sióga ina measc.



www.logainm.ie

Bunachar Logainmneacha na hÉireann
Place Names Database of Ireland

Acmhainní Iarbhunscoile

Tá na hacmhainní seo dírithe ar dhaltai idirbhliana. Tá 10 n-aonad teagaisc ar fáil bunaithe ar théamaí éagsúla, Gnéithe fisiciúla, Tionchar na Críostaíochta, Flóra agus fána, agus Béarlú na logainmneacha ina measc.



Suíomh beathaisnéisí Gaeilge

á fhorbairt ag Fiontar, i gcomhar le Cló Iar-Chonnachta agus le Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, bunúdaire na sraithe *Beathaisnéisí* (1986-2007). Tá na saoráidí breise seo ar fáil ar an suíomh:

- Liosta aibítreach na mbeathaí
- Córas cuimsitheach crostagartha
- Cuardach lántéacs sofaisticiúil ar eochairfhocail agus ar fhrásaí
- Amlíne
- Gnéithe saoil (saothair, logainmneacha etc.)
- Beatha na seachtaine

FIONTAR
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
BÁC 9

ainm.ie



An Roinn
Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht



Ainmniúcháin na nOifigeach 2011

UACHTARÁN



Ainm

Máirín Ní Chéileachair

Scoil lena mbaineann

Gaelscoil Uí Fhiaich

Ainmnithe ag

- Gaelscoil Uí Fhiaich
- Gaelscoil Longfoirt
- Coláiste Pobail Osraí
- Scoil Uí Riada
- Gaelscoil Dhroichead na Banndan
- Gaelscoil Chnoc na Ré
- Gaelscoil Osraí
- Gaelscoil Átha Í
- Scoil Chearbhaill Ó Dálaigh

LEAS-UACHTARÁN



Ainm

Pádraig Ó Duinneacha

Scoil lena mbaineann

Scoil Naomh Breandán

Ainmnithe ag

- Gaelscoil Longfoirt
- Coláiste Pobail Osraí
- Gaelscoil Chnoc na Ré
- Gaelscoil Osraí

RÚNAÍ



Ainm

Yvonne Ní Mhurchú

Scoil lena mbaineann

Gaelscoil Longfoirt

Ainmnithe ag

- Gaelscoil Uí Fhiaich
- Gaelscoil Longfoirt
- Coláiste Pobail Osraí
- Gaelscoil Chnoc na Ré
- Gaelscoil Osraí
- Gaelscoil Átha Í

LEAS-RÚNAÍ



Ainm

Clodagh Ní Mhaoilchiaráin

Scoil lena mbaineann

Gaelscoil Bhaile Brigín

Ainmnithe ag

- Gaelscoil Longfoirt
- Coláiste Pobail Osraí
- Gaelscoil Chnoc na Ré
- Gaelscoil Osraí
- Gaelscoil Átha Í

CISTEOIR



Ainm

Dealgan Ó Ciarubháin

Scoil lena mbaineann

Scoil Chaitríona

Ainmnithe ag

- Gaelscoil Uí Fhiaich
- Gaelscoil Longfoirt
- Coláiste Pobail Osraí
- Gaelscoil Chnoc na Ré
- Gaelscoil Osraí

OIFIGEACH CAIDRIMH PHOIBLÍ



Ainm

Cathnia Ó Muircheartaigh

Scoil lena mbaineann

Coláiste Pobail Osraí

Ainmnithe ag

- Gaelscoil Longfoirt
- Coláiste Pobail Osraí
- Gaelscoil Chnoc na Ré
- Gaelscoil Osraí

OIFIGEACH POLASAÍ & PLEANÁLA



Ainm

Mícheál Ó Broin

Scoil lena mbaineann

Gaelscoil Chnoc na Ré

Ainmnithe ag

- Gaelscoil Longfoirt
- Coláiste Pobail Osraí
- Gaelscoil Chnoc na Ré
- Gaelscoil Osraí





Ainmniúcháin na nGnáthstiúrthóirí 2011



Ainm

Norma Ní Chonchúir

Scoil lena mbaineann

Gaelscoil Chill Dara

Ainmnithe ag

- Gaelscoil Chill Dara
- Gaelscoil Chnoc na Ré
- Gaelscoil Osraí



Ainm

Deirdre Nic Gabhann

Scoil lena mbaineann

Gaelscoil Riabhach

Ainmnithe ag

- Gaelscoil Longfoirt
- Gaelscoil Chnoc na Ré
- Gaelscoil Osraí
- Gaelscoil Átha Í



Ainm

Hazel Ní Phiogóid

Scoil lena mbaineann

Gaelscoil Riada

Ainmnithe ag

- Gaelscoil Longfoirt
- Coláiste Pobail Osraí
- Gaelscoil Chnoc na Ré



Ainm

Seán Mag Oireachtaigh

Scoil lena mbaineann

Scoil Chaitríona

Ainmnithe ag

- Gaelscoil Osraí



Ainm

Cathal Ó Luain

Scoil lena mbaineann

Scoil Chrónáin

Ainmnithe ag

- Coláiste Pobail Osraí
- Gaelscoil Chnoc na Ré
- Scoil Chrónáin



Ainm

Seán Ó Nuanáin

Scoil lena mbaineann

Gaelscoil Dhonncha Rua

Ainmnithe ag

- Coláiste Pobail Osraí
- Gaelscoil Chnoc na Ré



Ainm

Póla Ní Chinnsealaigh

Scoil lena mbaineann

Gaelscoil Éadan Doire

Ainmnithe ag

- Gaelscoil Uí Fhiaich
- Gaelscoil Éadan Doire
- Gaelscoil Chnoc na Ré
- Gaelscoil Osraí
- Gaelscoil Átha Í



Ainm

Fíona Uí Uiginn

Scoil lena mbaineann

Coláiste Íosagáin

Ainmnithe ag

- Gaelscoil Longfoirt
- Coláiste Pobail Osraí
- Gaelscoil Chnoc na Ré



Ainm

Elaine Ní Shé

Scoil lena mbaineann

Gaelcholáiste Luimnigh

Ainmnithe ag

- Coláiste Pobail Osraí
- Gaelscoil Chnoc na Ré
- Gaelscoil Osraí





Rúin Chomhdháil Bhliantúil

GAELSCOILEANNA TEO. 2011

Bunú Scoileanna

Bunú Scoileanna

RÚN 1

An Próiseas Aitheantais Nua do Bhunscoileanna

- Fáiltíonn an Chomhdháil seo roimh an aitheantas atá tugtha sna critéir aitheantais do scoileanna nua do thábhacht na gaelscolaíochta i bhforbairt na Gaeilge i gcomhthéacs na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge agus i gcomhthéacs cearta bunreachtúla.
- Éilíonn an Chomhdháil go ndéanfar beart de réir briathair agus go mbeidh éileamh cruthaithe agus inmharthana ar an ngaelscolaíocht mar chritéir lánach sa phróiseas aitheantais do bhunscoileanna amach anseo, beag beann ar sholáthar scolaíochta trí mheán an Bhéarla sa cheantar lena mbaineann.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Bunú Scoileanna

RÚN 2

An Próiseas Aitheantais Nua d'lar-bhunscoileanna

- Fáiltíonn an Chomhdháil seo roimh an aitheantas atá tugtha sna critéir aitheantais do riachtanais na hlar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge trí 3 Ghaelcholáiste nua a aithint.
- Éilíonn an Chomhdháil ar an Roinn Oideachais agus Scileanna go dtabharfar aitheantas don obair leanúnach atá á dhéanamh ag coistí bunaithe i gceantair nach bhfuil aitheanta ag an Roinn agus go ndéantar na hiarrais seo a fhaomhadh chun freastal ar an éileamh inmharthana atá cruthaithe.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Buanú Scoileanna

Buanú Scoileanna

RÚN 3

Cóimheas Múinteoirí le Daltaí sna Scoileanna Lán-Ghaeilge

- Cáineann an Chomhdháil seo an t-athrú a cuireadh i bhfeidhm ó thús na scoilbhliana 2011 sa chóimheas múinteoirí le daltaí sna Scoileanna Lán-Ghaeilge, athrú a chuir deireadh le socrú a raibh bunús oideachasúil agus teangeolaíoch leis.
- Cáineann an Chomhdháil an toradh de bharr an athraithe seo, eadhon caillteanas múinteoirí, ranganna níos mó agus ranganna measctha i roinnt scoileanna.
- Cáineann an Chomhdháil easpa toilteanais na Roinne Oideachais agus Scoileanna plé a dhéanamh leis an eagraíocht faoi chomhréiteach.
- Molann an Chomhdháil an cinneadh leatromach seo a aisiompú láithreach agus cosaint a thabhairt don Ghaelscolaíocht mar is ceart.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Buanú Scoileanna

RÚN 4

Deontas Caipitil na Scoileanna Lán-Ghaeilge

- Aithníonn an Chomhdháil seo an ghéarchéim airgeadais atá sa tír.
- Cáineann an Chomhdháil, áfach, na ciorruithe atá á mbagairt sa cháinainéis, agus
- Impíonn an Chomhdháil nach gcuirfear breis laghduithe i bhfeidhm ar an deontas caipitil nó bheadh impleachtaí an-tromchúiseacha d'fheidhmiú éifeachtach na scoileanna.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Buanú Scoileanna

RÚN 5

An Gaeloideachas i gcroílár na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge

Éilíonn an Chomhdháil seo go gcuirfí na gealltanais uile atá leagtha amach d'fhorbairt an ghaeloideachais i bhfeidhm de réir sceidil agus próisis chomhaontaithe i gcomhar leis na páirtithe cuí.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Buanú Scoileanna

RÚN 6

Forbairt na nAonad lán-Ghaeilge

Éilíonn an Chomhdháil seo go dtabharfaidh an Roinn Oideachais agus Scoileanna aitheantas oifigiúil do pholasaí nua GAELSCOILEANNA TEO. ar fhorbairt na nAonad lán-Ghaeilge agus go n-aontófar plean gnímh i gcomhar lena chéile chun stádas, riachtanas agus acmhainní na nAonad lán-Ghaeilge a fheabhsú.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.



Buanú Scoileanna

RÚN 7

Painéal ath-implonaithe i bhfeidhm do mhúinteoirí

- Fáiltíonn an Chomhdháil seo roimh an gcomhréiteach a d'aontaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le socruithe painéil do mhúinteoirí i scoileanna faoin bhForas Pátrúnachta don scoilbhliain seo.
- Éilíonn an Chomhdháil go gcuirfear painéal ath-implonaithe do mhúinteoirí i ngaelscoileanna faoi gach pátrún i bhfeidhm láithreach.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Buanú Scoileanna

RÚN 8

Soláthar Cóiríochta do Scoileanna le hAitheantas Buan

Éilíonn an Chomhdháil seo go mbeidh trédhearcacht níos fearr ann sa chlár tógála agus go dtabharfar tosaíocht do scoileanna le haitheantas buan atá ag fanacht le blianta fada ar chóiríocht bhuan.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Buanú Scoileanna

RÚN 9

Próiseas Iontrála Scoileanna ag an mBunleibhéal agus ag an Iar-bhunleibhéal

- Aithníonn an Chomhdháil seo gur gá freastal ar riachtanais agus éagsúlacht na sochaí chomhaimseartha trí phróiseas iontrála scoileanna atá cothrom agus trédhearcach.
- Éilíonn an Chomhdháil go mbeidh cosaint do shainmheon teanga na scoileanna lán-Ghaeilge aitheanta mar chroí-chritéir i bpróiseas iontrála na scoileanna lán-Ghaeilge.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Buanú Scoileanna

RÚN 10

Tacaíocht Foghlama

- Éilíonn an Chomhdháil go dtacóidh an Roinn Oideachais agus Scileanna le tacaíocht foghlama don Ghaeilge i scoileanna arb í an Ghaeilge an gnáth-mheán teagaisc.
- Éilíonn an Chomhdháil seo go gcuirfear múinteoir tacaíochta teanga lán-aimseartha ar fáil d'aon scoil thuasluaite ina bhfuil ochtar múinteoir ranga, beirt mhúinteoirí tacaíochta teanga do scoileanna thuasluaite ina bhfuil seisear múinteoirí déag etc.

Gaelscoil Bhrian Bóroimhe, Baile Átha Cliath

Buanú Scoileanna

RÚN 11

Athstruchtúrú ar Earnáil Dheonach na Gaeilge

- a. Tacaíonn an Chomhdháil seo le hathstruchtúrú ar earnáil dheonach na Gaeilge a bheadh chun leasa earnáil na gaelscolaíochta go háirithe.
- b. Cáineann an Chomhdháil an próiseas lochtach comhairliúcháin a bhaineann le forbairt na samhla nua maoinithe.
- c. Éilíonn an Chomhdháil seo go mbeidh nasc láidir idir aon samhail nua mhaoinithe agus Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge, straitéis Fhoras na Gaeilge agus ról na n-eagraíochtaí iontu.
- d. Éilíonn an Chomhdháil go mbeidh todhchaí sheasmhach inmharthana ag an earnáil ghaeloideachais trí chóras ceart maoinithe bheith ar fáil.
- e. Éilíonn an Chomhdháil go dtabharfar aitheantas do thábhacht na hoibre a bhíonn idir lámha ag GAELSCOILEANNA TEO. chun leasa na scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Buanú Scoileanna

RÚN 12

Dífheistiú scoileanna: Pátrúin agus Iolrachas

- a. Tacaíonn an Chomhdháil seo le hobair an Fhórait faoi Phátrúnacht agus Iolrachas in Earnáil an Bhunoideachais atá ag díriú ar chothromaíocht sa soláthar pátrúnachta mar rogha do thuismitheoirí a chinntiú.
- b. Éilíonn an Chomhdháil go mbeidh próiseas ceart pleanála i bhfeidhm do scoileanna ar mian leo an sainmheon creidimh a athrú; go mbeidh tacaíocht chuí ar fáil dóibh, go háirithe i leith aistriú teanga na scoile ó Bhéarla go Gaeilge agus go mbeidh aon athrú bunaithe ar éileamh ar an talamh seachas ag teacht ón mbarr anuas.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Buanú Scoileanna

RÚN 13

An Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta

- a. Fáiltíonn an Chomhdháil seo roimh an aitheantais a tugadh do riachtanais na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge sa Straitéis Náisiúnta don Litearthacht agus Uimhearthacht a foilsíodh mí Iúil 2011.
- b. Cáineann an Chomhdháil an t-easnamh atá sa straitéis maidir le litearthacht don Ghaeilge sna scoileanna lán-Bhéarla.
- c. Éilíonn an Chomhdháil go ndéanfar beart de réir briathair agus go gcuirfear na háiseanna tacaíochta agus measúnaithe ar fáil atá in oiriúint do chóras na gaelscolaíochta.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.



Buanú Scoileanna

RÚN 14

Siollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta Ardleibhéil

- a. Cáineann an Chomhdháil seo na leasuithe a rinneadh ar Shiollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta Ardleibhéil gan sainriachtanais na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a chur san áireamh.
- b. Éilimid go gcuirfear ábhar nua ar fáil anois a thabharfaidh deis do na daltaí seo scileanna i scríobh agus léamh na teanga a fhorbairt ionas go mbeidh siad in ann oideachas ceart a fháil sa Ghaeilge agus go mbeidh na scileanna acu le tabhairt faoi na hábhair acadúla eile trí mheán na Gaeilge.
- c. Éilimid ar an Aire Oideachais agus Scileanna míniú a thabhairt ar an gcúis gur dhiúltaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna an t-ábhar breise seo a chur ar fáil le freastal ar na riachtanais teanga ag daltaí na Gaeltachta, na scoileanna lán-Ghaeilge agus daltaí eile na tíre ar spéis leo ardchaighdeán a bhaint amach sa Ghaeilge.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Buanú Scoileanna

RÚN 15

Riachtanas Nua ag Comhairle na Múinteoireachta

- a. Molann an Chomhdháil seo an Chomhairle Mhúinteoireachta as na moltaí atá déanta acu maidir le forbairt na gclár oiliúna do mhúinteoirí, ar a n-áirítear ardú sa ghrád iontrála don Ghaeilge; cúrsa fochéime 4 bliana; measúnú ar chumas Gaeilge na n-iarrthóirí; tréimhse éigeantach sa Ghaeltacht agus eile.
- b. Éilíonn an Chomhdháil go dtabharfar tacaíocht do na moltaí seo agus go gcuirfear tús leis an bplean gnímh ar bhonn práinne.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

An tÁisaonad

Rogha leathan d'ábhar



Is féidir An Clár
Luathléitheoireachta
a ordú anois

Clár cuimsitheach a
éascaíonn scileanna
agus straitéisí thús na
léitheoireachta



Coláiste Ollscoile
Naomh Muire
Béal Feirste

Coláiste Mhuire
191 Bóthar na bhFál
Béal Feirste BT12 6FE

+44 (0) 28 90 243864
www.aisaonad.org
eolas@aisaonad.org

Lean ar Facebook muid!
www.facebook.com/aisaonad

Seó Bóthair don Ghaeilge

Tionscnamh nua dírithe ar Iarbhunscoileanna

Beimid ag
tabhairt amach:



An Gaelchárta



Greaimitheoirí



& Go Leor
Duaiseanna
Iontacha

Tá tús curtha le Seó Bóthair nua chun an Ghaeilge a
spreadh in iarbhunscoileanna timpeall na tíre

Céard é an "Seó Bóthair"

Cearclanna idirghnifomhacha le cluichí, plé, díospóireacht agus rólímirt dírithe ar:

- Cén áit gur féidir an Ghaeilge a úsáid agus cearta teanga
- Buntáistí Úsáid na Gaeilge - sa teaghlach & go proifisiúnta
- Céard gur féidir a dhéanamh don Ghaeilge sa scoil - m.sh. Seachtain na Gaeilge
- Comórtas nua chun an Ghaeilge a spreadh sa Scoil - Comórtas G!
- Raidió Rí-Rá - Stáisiún Raidió nua don aos óg (www.rrr.ie)

Ceisteanna Coitianta

- Cén costas atá ar an Seó Bóthair?
- Tá sé SAOR IN AISCE
- Cé chomh fada a leanann an Seó Bóthair?
- 80 nóiméad (nó 2 rang scoile)
- Cé ar a bhfuil an cearclann dírithe?
- Daltaí Idirbhliana nó daltaí bhliain a 5
- Cé mhéad dalta lenar féidir an cearclann a dhéanamh?
- Thart ar 50 dalta ag aon am amháin



Déan teagmháil le Aodhán ag 01 4757401 | 086 310 2691 | aodhan@cnag.ie

Is comhthionscnamh nua é an Seó Bóthair seo eagraithe agus maoinithe ag:



Conradh na Gaeilge



Comhlúadar



Glór na nGael



Ag Saibhriú Saol Páistí



Íomhánna ó na Scoileanna Áitiúla

Gaelscoil Bhiorra



Maidin Caifé ag Coiste Bunaithe Gaelscoil Bhiorra ar a d'fhreastail baill de Naíonra na Nóiníní Beaga.

Gaelscoil na gCeithre Máistrí



Lá na ngeansaí i nGaelscoil na gCeithre Máistrí.

Gaelscoil an Eiscir Riada



Páistí ó Gaelscoil an Eiscir Riada, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí.

GS Phortlaoise



Foireann GS Phortlaoise i Rath Chairn le Múinteoirí Dominic agus Eunic.

Gaelscoil Thromaíre



Bhí caidéal na scoile clúdaithe le failí agus driseacha agus salachar. Chaith Ranganna 3-6 cúpla lá á glanadh agus bhain siad an taitneamh as an obair.

Gaelscoil Éadan Doire



Lea agus Mia as Gaelscoil Éadan Doire i mbun oibre.



Gill & Macmillan

Is faoi **Gill & Macmillan Primary**, foilsitheoirí *Craic Le Litriú* agus *Inis Dom*, a luíonn réimse leathan foilseachán de chuid Carroll Education, teidil cosúil le *Bualadh Bos*, *Léimis le Chéile*, *Ceol Abú*, *Eolaíocht Bheo* agus *Cliste*. Is mór an onóir dúinn urraíocht a dhéanamh ar **Chomhdháil Bhliantúil GAELSCOILEANNA TEO. don dara bhliain**, ag tógáil ar bhlianta de thacaíocht agus d'urraíocht ó Carroll Education.

Acmhainn mata ar bhonn 'rochtain oscailte' do na scoileanna lan-Ghaeilge ar fad

An raibh a fhios agat go bhfuil urraíocht déanta ag COGG ar an acmhainn *Mata ar Líne* le go mbeidh fáil air saor in aisce sna scoileanna lán-Ghaeilge? D'fhéadfá triail a bhaint as an earra seo ar ár seastán ag CCB GAELSCOILEANNA TEO. nó is féidir leat clárú le haghaidh 80 gníomhaíochtaí mata ar-líne as Gaeilge ar www.ilearn.ie.

Cad a ba mhaith leat do do sheomra ranga?

Tá lúcháir orainn a fhógairt go bhfuil **earraí nua digiteacha as Gaeilge** don seomra ranga forbartha againn. Ba bhreá linn cloisteáil uait i leith na n-earraí

seo. Tar ag ár seastán le haghaidh réamhamhairc rúnda agus abair linn más maith leat a bhfuil againn!

Craic Le Litriú digiteach: an bhfuil smeachleabhair nua an mhúinteora feicthe agat?

Rinneadh uasdátú agus leasú iomlán ar *Craic Le Litriú*, an leabhar saothair litrithe mórélímh i mbliana. Soláthraítear CD-ROM *Craic le Litriú* (an sraith iomlán de 5 smeachleabhar digiteach) saor in aisce ag scoileanna cláraithe.

Bí ag faire amach le haghaidh *Fireworks* ó Gill & Macmillan, bunleibhéal.

Sa bhliain 2012, seolfar *Fireworks*, clár Béarla úr-nua dár gcuid. Ag leanúint ón gclár rathúil *Bookcase* de chuid Carroll Education, cuimseoidh an sraith *Fireworks* fíor-litríocht an pháiste, ó *Horrid Henry* go *Ronald Dahl*!

Le breis eolais a fháil ar ár bhfoilseacháin, ní gá duit ach cliceáil ar www.gillmacmillan.ie



Ag Saibhriú Saol Páistí

Ná caill taispeántas *Scléip* 2011

ag dinnéar na Comhdhála, Aoine 25 Samhain



Spríocdháta d'fhoirmeacha iarratais
17 Nollaig 2011



Tuairisc ar Obair na hEagraíochta 2011 & ar Rúin 2010

LEAGTAR amach thíos léargas ar obair na heagraíochta ó Chomhdháil Bhliantúil 2010, de réir na rún a ritheadh ag Cruinniú Cinn Bhliana (CCB) 2010 agus de réir 3 phríomhréimse oibre na heagraíochta:-

1. Bunú Scoileanna

2. Buanú Scoileanna

3. Forbairt Scoilphobail

Bunú Scoileanna

Bunú Scoileanna

RÚN 1 CCB 2010:

Tacaíocht don Fheachtas ar son Aitheantas Oifigiúil do Gaelscoil Ráth Tó

Osclaíodh Gaelscoil Ráth Tó i Lúnasa 2010 le 9 ndalta agus gan aitheantas ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Throid GAELSCOILEANNA TEO. in éineacht le pobal na scoile in éadan chinneadh na Roinne gan aitheantas a thabhairt don scoil, agus thug an eagraíocht gach tacaíocht dóibh i gcaitheamh na bliana trí stocaireacht a dhéanamh ar a son, deontas a chur ar fáil dóibh, seirbhísí aistriúcháin agus comhairliúcháin a chur ar fáil dóibh agus deiseanna oiliúna a sholáthar d'fhoireann agus tuismitheoirí na scoile.

D'fhógair an Roinn i mí na Nollag 2010 go mbeadh scoil nua le bunú i gCill Dhéagláin, Co. na Mí, agus le tacaíocht ó phobal Gaelscoil Ráth Tó agus ó GHAELSCOILEANNA TEO., rinne An Foras Pátrúnachta iarratas ar phátrúnacht na scoile nua sin. D'oscail Gaelscoil na Mí i gCill Dhéagláin don chéad uair i Meán Fómhair 2011 mar scoil ilchreidmheach faoin bhForas Pátrúnachta, agus tá Gaelscoil Ráth Tó cónasctha leis an scoil nua.

Coistí Bunaithe Reatha

Faoi láthair, tá an tOifigeach Forbartha i dteagmháil le daoine sna ceantair thíos ar mian leo scoileanna nua a bhunú:

Leibhéal na Bunscoile

- Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman
- Cill Chainnigh, Co. Chill Chainnigh (Gaelscoil na Feoire) Dún Léire, Co. Lú (Gaelscoil Oiriall)
- Achadh an Iúir, Oirthear an Chabháin (Gaelscoil Chillín Chéir)
- Cromghlinn, Baile Átha Cliath 12 (Gaelscoil Oisín)
- Lusca, Co. BhÁC
- Biorra, Co. Uíbh Fáilí
- Marino/Fionnradharc/Cluain Tarbh, Baile Átha Cliath 3



Leibhéal na hIar-bhunscoile

- Dún Droma, Baile Átha Cliath 14 (Gaelcholáiste Dheisceart Átha Cliath)
- Sligeach, Co. Shligigh (Gaelcholáiste Shligigh)
- Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí (Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin)
- An Mhuilinn gCearr, Co. na hIarmhí (Gaelcholáiste na hIarmhí)
- Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma
- Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath (Coláiste Ghlór na Mara)
- Maigh Nuad, Co. Chill Dara (Gaelcholáiste Chill Dara Thuaidh)
- Droichead Átha, Co. Lú (Coláiste an Phiarsaigh)
- Baile Coimín, Co. Chill Mhantáin
- Dún Dealgan, Co. Lú
- An Cabhán, Co. an Chabháin

Bunú Scoileanna

RÚN 2 & 3 2010:

Ceartha Tuismitheoirí i leith Gaeloideachais dá bPáistí a bheith mar chritéir lárnach in aon phróiseas nua aitheantais scoile don bhunleibhéal agus don iar-bhunleibhéal.

An Próiseas Aitheantais Nua do Bhunscoileanna

Sa bhliain 2008, chuir an tAire Oideachais deireadh leis an gcóras a bhí ann le scoileanna nua a bhunú go neamhspleách agus cuireadh tús le próiseas athbhreithnithe ar an gcóras chun aitheantas a bhaint amach do scoileanna nua. Ba'é an Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna, a raibh ionadaíocht ag GAELSCOILEANNA TEO. air, a bhí freagrach as na critéir nua a fhorbairt. Foilsíodh moltaí an Choimisiúin san Fhómhair 2010 agus foilsíodh na Socruithe Nua i gcomhair Pátrúnachta Scoileanna Nua, bunaithe ar na moltaí céanna, i Meitheamh 2011.

D'fháiltigh an eagraíocht roimh an aitheantais a tugadh i moltaí an Choimisiúin do **thábhacht na gaeilscolaíochta i gcomhthéacs an Phlean 20 Bliain don Ghaeilge** agus i gcomhthéacs ceartha bunreachtúla, ach tá impleachtaí an-mhóra ann do thodhchaí an chórais ó taobh bunú scoileanna lán-Ghaeilge ag eascairt ón gcóras nua. Ón tús, leag GAELSCOILEANNA TEO. a fhís d'fhorbairt na hearnála amach don Roinn agus do na páirtithe uile, 'sé sin gur buncheart é go **mbeadh éileamh cruthaithe agus inmharthanachta ar an ngaelscolaíocht mar chritéir lárnach sa phróiseas aitheantais** do bhunscoileanna amach

anseo, beag beann ar sholáthar scolaíochta trí mheán an Bhéarla sa cheantar lena mbaineann ná ar cheisteanna tíreolaíochta.

Dul chun cinn le bunú bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna nua

Tá liostaí foilsithe ag an Roinn ar www.education.ie de na ceantair ina mbeidh scoileanna nua de dhíth as seo go 2014. Tá anailís déanta ag an eagraíocht ar na ceantair uile atá aitheanta ag an Roinn do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna nua agus tugadh aiseolas don Roinn bunaithe ar an anailís sin. Rinne an tOifigeach Forbartha an **anailís trí chomhairliúchán leis na scoileanna lán-Ghaeilge** sna ceantair atá aitheanta agus cuimsíodh na tosca seo a leanas:-

- a. Soláthar gaeilscolaíochta ann cheana (ag na leibhéil faoi seach)
- b. Cumas na scoileanna freastal ar an éileamh ar ghaelscolaíocht faoi láthair
- c. Líon na bpáistí nach bhfuair áit sa scoil anuraidh
- d. Forbairt beartaithe don scoil
- e. Staid cóiríochta na scoileanna atá bunaithe cheana féin.

Tá an eagraíocht i mbun plé leanúnach leis an Roinn maidir leis na ceantair uile atá aitheanta ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal do sholáthar nua, ag tógáil na hanailíse thuasluaite san áireamh. Tá stocaireacht á dhéanamh go leanúnach freisin ar son na gcoistí bunaithe atá ag obair go gníomhach i gceantair eile nach bhfuil ar liosta reatha na Roinne. Léirigh an ROS go mbeidís sásta obair i gcomhair linn chun teacht ar mholtaí faoi conas is féidir freastal orthu, ach gur gá go mbeadh aon fhorbairtí costas-neodrach.

An Próiseas Aitheantais Nua d'Iar-bhunscoileanna

Foilsíodh na Socruithe Nua i gcomhair Pátrúnachta Scoileanna Nua ag an Iar-bhunleibhéal i Meitheamh 2011. Tá siad ag teacht go mór leis na socruithe nua ag an mbunleibhéal, ach go ndeirtear iontu go ndéanfaidh an Roinn cinneadh tosaigh maidir le sainmheon teanga na scoile (Béarla nó Gaeilge) roimh di iarratas a lorg ó na pátrúin. D'fhoilsigh an Roinn liosta de na ceantair ina mbeidh scoileanna nua de dhíth as seo go 2014, agus dheimhnigh siad gur scoileanna lán-Ghaeilge a bheidh sna hiar-bhunscoileanna nua i nDún Droma, Baile Brigín agus Carraig Uí Leighín, ach nach bhfuil pátrúin na scoileanna socraithe go fóill. Tá GAELSCOILEANNA TEO. ag iarraidh ar an Roinn na feachtais ar son iar-bhunscolaíochta trí mheán na Gaeilge i gceantair eile ar an liosta a thabhairt san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu ar shainmheon teanga agus ar phátrúnacht na scoileanna nua.

I bhfianaise fhoilsiú na gcritéar nua maidir le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna nua a bhunú, tá an eagraíocht i mbun próiseas inmheánach maidir le leasú, forbairt agus dréachtú polasaithe i leith bunú scoileanna nua sa todhchaí. Aithníonn an eagraíocht an riachtanas a bhaineann le polasaithe ar mhúnlaí nua a fhorbairt a shásódh éileamh ar an ngaelscolaíocht ón bpobal.

Seirbhís Tacaíochta do Choistí Bunaithe

Reachtáladh seimineár lae tacaíochta agus oiliúna do gach coiste bunaithe reatha bunleibhéil agus iar-bhunleibhéil ar an 13 Samhain 2010. I measc na gcainteanna, bhí seisiún eolas ón dlíodóir Colm Mac Geehan; ceardlanna ar mhargaíocht agus caidreamh

poiblí; fiontraíocht agus cnuasú acmhainní, stocaireacht agus taithí choiste bunaithe ar scoil a oscailt gan aitheantas.

Dífheistiú Patrúin & Iolrachas

Seoladh an Fóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas in Earnáil an Bhunoideachais faoi chathaoirleacht an Ollaimh John Coolahan ar an 19 Aibreán 2011. Chuir an eagraíocht aighneacht faoi bhráid an Fhórait i mí an Mheithimh 2011 agus bhí ionadaithe páirteach in agallamh poiblí a cuireadh ar eagraíochtaí bainistíochta oideachais. Is iad croí-cheisteanna an Fhórait ná conas éileamh ar éagsúlacht phátrúnachta a chruthú; cé na saincheisteanna praiticiúla a bhaineann le dífheistiú pátrúnachta, agus conas is féidir freastal ar éagsúlacht i gceantar nach bhfuil ach scoil nó dhó ann agus a bhfuil daonra seasta ann. I measc na dtuairimí a shonraigh an eagraíocht don Fhóram agus mar chuid den aighneacht, áirítear gur gá **próiseas ceart pleanála a bheith ann do scoileanna ar mian leo an sainmheon creidimh a athrú; go mbeadh tacaíocht chuí ar fáil dóibh, go háirithe i leith aistriú teanga na scoile ón mBéarla chuig an Ghaeilge agus go mbeadh aon athrú bunaithe ar éileamh ar an talamh seachas ag teacht ón mbarr anuas. Tá sé curtha in iúl ag GAELSCOILEANNA TEO. don fhóram agus don Roinn go mbeidís toilteanach a bheith páirteach i bpróiseas aistrithe sainmheon teanga scoile mar chomhairleoir ar conas tabhairt faoi. Tá sé i gceist go bhfoilseofar tuairisc faoi dheireadh na bliana.**



Daltaí ó Ghaelscoil Phádraig.



Buanú Scoileanna

Buanú Scoileanna

RÚN 4 CCB 2010:

Éileamh go gcuirfí na gealltanais uile i leith an Ghaeloideachais sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge i bhfeidhm de réir sceidil agus próisis chomhaontaithe i gcomhar leis na páirtithe cuí.

Tá sé ráite i gClár an Rialtais, a foilsíodh tar éis don Rialtas teacht i gcumhacht i mí an Mhárta 2011, go dtabharfaidh an Rialtas tacaíocht don Straitéis 20 Bliain agus go ndéanfaidh sé na spriocanna indéanta atá luaite inti a sheachadadh. Tá céim an bhunaithe den Straitéis ar siúl faoi stiúir na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tá Aonad Straitéise bunaithe sa Roinn atá freagrach as pleanáil agus feidhmiú na Straitéise a threorú. Tá trí ghrúpa oibre ardleibhéil bunaithe leis na príomhpháirtithe leasmhara chun dlús a chur le feidhmiú réimsí gnímh éagsúla den Straitéis.

Is é an ceann a bhaineann go príomha leis an ngaelscolaíocht ná an grúpa oibre idir an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Roinn Oideachais agus Scoileanna chun tosaíochtaí a aithint maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise i réimse gnímh an oideachais, ag tabhairt san áireamh na laincisí ar acmhainní i láthair na huaire. Tá sé curtha in iúl go mbeidh ionadaíocht ag COGG ar an ngrúpa seo (rud a d'éiligh GAELSCOILEANNA TEO.), rud a chinnteoidh go mbainfear amach na spriocanna atá aitheanta d'fhorbairt an oideachais trí mheán na Gaeilge.

Buanú Scoileanna

RÚN 5&6 CCB 2010:

Soláthar Cóiríochta do Scoileanna le hAitheantas Buan

Ní féidir ceist an tsoláthair do scoileanna nua a bhrú chun cinn gan réiteach a bheith ar cheisteanna cóiríochta do na scoileanna atá ann cheana agus atá sna ceantair atá aitheanta ag an Roinn. Úsáideann an eagraíocht an t-eolas a bhailítear ó scoileanna trí na foirmeacha staitisticí, ó chuirteanna ar scoileanna agus ó aon eolas eile a chuireann scoileanna chugainn

mar áis tacaíochta agus muid ag plé leis an Roinn faoi staid cóiríochta na scoileanna. Déantar cás i gcónaí sna comhchainteanna leis an ROS ar son na scoileanna uile atá i gcóiríocht shealadach, mhí-oiriúnach le blianta fada. Fáiltimid i gcónaí roimh bhreis eolais ar staid cóiríochta scoileanna chun cabhrú linn cás na scoileanna a bhrú ar aghaidh.



Torthaí an Teastas Shóisirigh ag Coláiste Dáibhéid.

Buanú Scoileanna

RÚN 7 CCB 2010:

Cáineadh ar na leasuithe ar Shiollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta Ardleibhéil

Mar is eol daoibh, foilsíodh siollabas leasaithe Gaeilge don Ardteist i Samhradh 2010 ina bhfuil laghdú suntasach ar an gcúrsa litríochta agus méadú ar líon na marcanna a bhronnfar ar an mbéaltrial. Chun dul i ngleic leis an bhforbairt seo, bunaíodh Meitheal na Gaeilge ATAL, atá comhdhéanta de bhaill as GAELSCOILEANNA TEO. móide ESG. Thug an tAire le fios go mbeidh an siollabas nua á chur i bhfeidhm mar chéad chéim, go ndéanfar athbhreithniú air agus go dtabharfar moltaí na meithle san áireamh san athbhreithniú céanna.

B'ábhar díomá é do Mheitheal na Gaeilge ATAL na moltaí oideachais a bhí sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a seoladh ar an 21 Nollaig 2010. Níl aon tagairt déanta sa Straitéis don éileamh ón Mheitheal go gcuirfí ábhar nua ar fáil san Ardteist 'Saíocht agus Litríocht na Gaeilge' le freastal ar na riachtanais teanga atá ag daltaí Gaeltachta agus sna scoileanna lán-Ghaeilge agus daltaí i scoileanna eile ar spéis leo ardchaighdeán Gaeilge a bhaint amach.

An Ghaeilge mar chroí-ábhar ag leibhéal na hArdteistiméireachta

Thacaigh GAELSCOILEANNA TEO. leis an ngluaiseacht láidir i saol na Gaeilge a ghníomhaigh leis an Ghaeilge a choimeád mar chroí-ábhar san Ardteist le linn an fheachtais Oll-toghchánaíochta i mbliana. De réir Chláir an Rialtais, díreofar ar chaighdeán agus ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge ag an dara leibhéal agus ansin déanfar an cheist a chíoradh an ceart go mbeadh sí mar ábhar roghnach don Ardteist. Ar iarratas ón Aire Oideachais agus Scileanna, tá an CNCM ag déanamh athbhreithnithe ar shiollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta i bhfianaise na n-athruithe a tháinig ar an gclár le déanaí nuair a ardaíodh na marcanna atá ag dul don bhéaltrial. Feicfear

cén toradh a bheidh ar an athbhreithniú seo, go háirithe agus Clár an Rialtais ag moladh go n-ardófaí na marcanna don bhéaltrial ó 40 go 50% de na marcanna iomlána. Tá GAELSCOILEANNA TEO. an-bhuartha go spreagfaidh seo laghdú suntasach ar chaighdeán na Gaeilge ag leibhéal na hArdteiste, rud a bheadh tubaisteach do thodhchaí na teanga.



Daltaí ó Ghaelscoil Philib Barún ag obair ar ríomhairí glúine na scoile.



Tuairisc ar Obair na hEagraíochta 2011 & ar Rúin 2010

Buanú Scoileanna

RÚN 8 CCB 2010: Forbairt na nAonad lán-Ghaeilge

D'fhorbair GAELSCOILEANNA TEO. polasaí maidir leis na haonaid lán-Ghaeilge ag an dara leibhéal le linn na bliana. Cuireadh faoi bhráid na nAonad é agus fuarthas aiseolas ina leith. Tá an eagraíocht ag plé le coiste Gaeilge An Choiste Gairmoideachais ina leith agus tá sé i

gceist é a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna. Léiríonn an polasaí moltaí na heagraíochta faoi cad ba cheart bheith in aonad lán-Ghaeilge agus conas mar ba cheart dó feidhmiú i gcomhthéacs na mórscoile.

Buanú Scoileanna

RÚN 11 CCB 2010: Na Sacraimintí as Gaeilge agus Ceiliúradh na Sacraimintí ar siúl san Eaglais Pharóiste is cóngaraí don scoil

Is ábhar mór míshástachta í an cheist seo do roinnt scoileanna nach bhfuil ag éirí leo na sacraimintí a cheiliúradh as Gaeilge sa pharóiste is cóngaraí dóibh. Ceann de na mór-dheacrachtaí a bhaineann leis an gceist seo ná go mbaineann sé go h-uile agus go

h-iomlán le meon an pharóiste agus go bhfuiltear ag brath ar dhea-thoil seachas ar pholasaí láraithe agus comhaontaithe ag na hEaspaig. Leanfaimid orainn, i gcomhar leis an bhForas Pátrúnachta ag iarraidh dul i bhfeidhm ar na deoisí lena mbaineann agus leis na hEaspaig ag an leibhéal náisiúnta.



Gaelscoil na nDéise, Port Láirge ag glacadh páirte sna himeachtaí idirscoile.

Buanú Scoileanna

RÚN 12 CCB 2010:

Painéal ath-implonaithe i bhfeidhm do mhúinteoirí sna scoileanna lán-Ghaeilge

Leis na ciorruithe go léir atá á ndéanamh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i mbliana, tá líon na múinteoirí atá le dul ar na painéil mhúinteoireachta níos airde ná riamh. Reáchtáil GAELSCOILEANNA TEO. cruinniú le linn mhí Aibreáin le príomhoidí na mbunscoileanna faoi na dúshláin atá acu maidir leis na painéil múinteoirí. Aithníodh ag an gcruinniú go mbíonn deacrachtaí an-mhóra ag na scoileanna poist a líonadh de bharr nach mbíonn suim nó cumas go ginearálta ag roinnt mhaith de na múinteoirí atá ar na painéil múineadh i scoil a fheidhmíonn

trí mheán na Gaeilge. Choinnigh an eagraíocht i dteagmháil le scoileanna an Easpaig len iad a choimeád ar an eolas agus bhí an Foras Pátrúnachta i dteagmháil le scoileanna faoina bpátrúnacht féin. Rinneadh troid sa Roinn chomh maith maidir le cearta na scoileanna lán-Ghaeilge critéir ar leith a bheith ann do Ghaeilge múinteoirí atá ag iarraidh múineadh i scoileanna lán-Ghaeilge i gcomhthéacs na bpainéal ach tá an Roinn fós ag rá go bhfuil gach múinteoir bunscoile cáilithe le múineadh trí mheán na Gaeilge.

Buanú Scoileanna

RÚN 13 CCB 2010:

Cuíchóiriú na hEarnála Deonaí

Mór-mheasúnú ar na heagrais Ghaeilge

Tá mór-athruithe ag tarlú in earnáil bhunmhaoinithe Fhoras na Gaeilge go leanúnach le cúpla bliain anuas, le hathstruchtúrú beartaithe agus an cur chuige á fhorbairt ag Foras na Gaeilge. Beidh GAELSCOILEANNA TEO. atá bunmhaoinithe faoi láthair ag an bhForas, faoi réir na n-athruithe seo agus beidh impleachtaí móra ann dúinn ag eascairt ó thoradh an athbhreithnithe. Creidimid gur féidir an earnáil a láidirú trí luach ar airgead a chinntiú agus comhoibriú níos éifeachtaí a chur chun cinn trí shaincileanna agus saineolas a roinnt idir eagraíochtaí agus trí chur chuige níos comhordaithe san earnáil trí chéile.

Tá a lán comhoibrithe ar bun le tamall anuas ag leibhéal an Fhóraithe (a bhfuil GAELSCOILEANNA TEO. páirteach ann), 'sé sin eagrais lán-Ghaeilge atá ag comhoibriú chun leasa athstruchtúrú éifeachtach ar an earnáil agus atá ag gníomhú chun leasa an phobail. Tá GAELSCOILEANNA TEO. ag déanamh anailíse ar na féidearthachtaí ar fad atá ar fáil dóibh chun a chinntiú go mbeidh earnáil láidir gaeiloideachais ann, ar a n-áirítear an fhéidearthacht a bhaineann le cónascadh le hEagraíocht na Scoileanna Gaeltachta chun go mbeadh aon eagrais amháin uile-oileáin ag forbairt earnáil an oideachais lán-Ghaeilge. Tá comhchainteanna ar bun idir an dá eagrais le breis agus bliain anuas agus roinnt dul chun cinn déanta ar an gceist. Coinneofar scoileanna ar an eolas faoi aon fhorbairtí tábhachtacha agus déanfaidh an eagraíocht gach iarracht a chinntiú gur earnáil láidir chumhachtach a bheidh mar thoradh ar aon athstruchtúrú.



An Córas Luath-Thumoideachais

De réir mar a thuigeanann an eagraíocht, is gearr go n-eiseofar ciorclán do na gaelscoileanna a shoiléireoidh gur ceadmhach dóibh teagasc an Bhéarla a chur siar go dtí deireadh an cheathrú téarma (Nollaig sna Naíonáin Mhóra) má shocraíonn an Bord Bainistíochta an polasaí sin a chur i bhfeidhm sa scoil.

Cé go n-aithnímid go bhfuil roinnt gaelscoileanna ann a chleachtann agus a chreideann gomóiríath córais tumtha níos faide ná sin, táimid an-sásta leis an dea-thoradh a bhí ar an bhfeachtasaíocht i gcomhar le heagrais Gaeilge eile, an Foras Pátrúnachta, agus leis na scoileanna iad féin. Is léir gur éirigh leis an eagraíocht tionchar a imirt sna comhchainteanna agus san idirphlé leis an Roinn Oideachais ar an saincheist seo. Is é an toradh a bheidh ar eisiúint an chiorcláin nua ná go láidreoidh sé an córas ó bhonn agus go n-ardófar muinín na scoileanna agus iad ag plé le tuismitheoirí agus leis an gcigireacht faoi fheidhmiú an chórais. Cheana féin, tá méadú ag teacht ar líon na scoileanna atá ag cleachtadh an luath-thumoideachais sa Ghaeltacht agus lasmuigh de agus tá tuiscint ag méadú faoi na buntáistí mhóra lena mbaineann d'fhorbairt an pháiste.

Forbairt Ghairmiúil Scoileanna Seimineár ar Aistear, Síolta agus an Curaclam Bunscoile

I mí Márta 2011, reáchtáil an eagraíocht, i gcomhar le Forbairt Naíonraí Teoranta, seimineár oiliúna do stiúrthóirí naíonraí, príomhoidí bunscoileanna agus múinteoirí naíonáin ar Aistear, Síolta agus an Curaclam Bunscoile. Labhair saineolaithe ón CNCM agus ón Aonad Beartas Um Oideachas sna Luath-bhlianta ar conas mar is féidir le naíonraí agus bunscoileanna na treoirilínte agus na curaclaim a úsáid lena chéile leis na torthaí foghlamtha is fearr a bhaint amach do pháistí ón aois-ghrúpa seo.

Comhdháil CAER (Cumann Oideachais na Réigiún Eorpacha)

D'eagraigh GAELSCOILEANNA TEO. Comhdháil CAER 2011 i gcomhpháirt le páirtithe eile san Eoraip i mí Márta 2011 dar téama "Áit na mionteangacha i bhforbairt an ilteangachais". D'fhreastail teachtaí ó réigiúin eile san Eoraip atá ag plé le hoideachas trí mhionteangacha.

Forbairt ar Bhoird Bhainistíochta na Scoileanna

Tá GAELSCOILEANNA TEO. i mbun plé leis an bhForas Pátrúnachta le traenáil a chur ar fáil do bhaill na mboird bainistíochta nua san athbhliain. Tá an eagraíocht páirteach i gcruinnithe rialta leis an Roinn Oideachais agus na páirtnéirí oideachais maidir le hoiliúint boird chomh maith. Tríd seo, beimid ag cinntiú go mbeidh oiliúint ar fáil do bhoird na ngaelscoileanna trí mheán na Gaeilge.

Ceardlann do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí Iar-bhunleibhéal

Reáchtáladh ceardlann do na príomhoidí agus leas-phríomhoidí sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ag comhdháil an NAPD arís i mbliana. Rinneadh seo i gcomhpháirt leis an NAPD agus le hEagraíocht na Scoileanna Gaeltachta agus is deis a bhí ann ag na scoileanna teacht le chéile agus cúrsaí litearthachta agus uimhearthachta a phlé lena chéile agus le cigirí na Roinne Oideachais agus Scoileanna.

Líonra Réigiúnach do Scoileanna

Cuireadh tús le roinnt Líonraí Réigiúnacha le gréasán tacaíochta a spreagadh idir scoileanna, le go mbeidh deiseanna rialta ag scoileanna saineolas agus taithí a roinnt ar a chéile, dúshláin a phlé agus obair i dteannta a chéile. Tá an tír roinnte i 16 réigiún againn (tá sonraí na réigiún le fáil ar an suíomh idirlín) agus tá cruinnithe á n-eagrú i ngach ceann acu siúd ag a dtugtar cuireadh do phobail uile na scoileanna áitiúla agus coistí bunaithe lonnaithe sa cheantar bualadh le chéile i dteannta le hionadaí ón eagraíocht. Bhí 9 gcruinniú ann go dáta, agus fógrófar cruinnithe sna réigiúin eile go luath.



Gaelscoil Dara ag glacadh páirte i gCorn Aisling de Paor.

Coiste Seasta Thuaidh Theas ar an nGaeloideachas

Ceapadh an tArdfheidhmeannach mar Chathaoirleach ar an gCoiste Seasta Thuaidh Theas ar an nGaeloideachas, a bhfuil gach eagraíocht sna 32 contae a bhfuil sainróil an ghaeloideachais aici ina balleagraíocht de. Is é príomhról an Choiste ná cur leis an gcomhoibriú agus an chomhthuiscint i measc na n-eagraíochtaí a bhíonn ag plé leis an ngaelscolaíocht sa dá dhlínse chun gur féidir linn tionchar a imirt ar bhonn comhordaithe ar na Ranna Rialtais agus ar eagraíochtaí leasmhara.

Ceann de na spriocanna a bhain an Coiste amach le linn 2011 ná seimineár taighde a reáchtáil mí Eanáir. Tugadh deis do thriúr déag atá i mbun taighde, nó a bhfuil taighde i réimse an oideachais trí mheán na Gaeilge curtha i gcrích acu, cur i láthair a dhéanamh. Bhí an-rath ar an seimineár. Ag eascairt ón seimineár, d'aithin an Coiste deiseanna chun tabhairt faoi sheimineáir eile a dhíreoidh ar shaincheistean éagsúla. Tá Meitheal Oibre ag feidhmiú faoi stiúir an Choiste atá ag aithint na príomhbhearnaí sa taighde agus a bhfuil na tosaíochtaí á leagan amach acu dá réir chun taighde a choimisiúnú amach anseo, ach maoiniú a chinntiú chuige.

Coiste Thuaidh Theas ar Oiliúint Mhúinteoirí san scoileanna lán-Ghaeilge

Tá GAELSCOILEANNA TEO. mar bhall den choiste thuaidh theas ar oiliúint mhúinteoirí sna scoileanna lán-Ghaeilge i gcomhar le Comhairle na Gaelscolaíochta agus ionadaithe na seirbhísí tacaíochta ón dá Roinn Oideachais (PDST agus CASS). Is íanaidhma bhaineann leis an tionscadal ná oiliúint mhúinteoirí a chur chun cinn trí chomhoibriú thuaidh theas. Tá cúpla tionscadal idir láimhe le cúpla bliain anuas a éascaíonn: forbairt scileanna scríbhneoireachta, forbairt scileanna uimhearthachta, deis do mhúinteoirí ón tuaisceart cuairt a thabhairt ar scoileanna ó dheas agus freastal ar an gComhdháil Bhliantúil chomh maith deis ag múinteoirí ó dheas amhlaidh a dhéanamh ó thuaidh. Baineann na tionscadail faoi láthair le fócasghrúpaí bheaga comhdhéanta de 6 scoil ó dheas agus 6 scoil ó thuaidh ach beidh sé i gceist amach anseo go mbeidh buntáistí na dtionscadal ag dul go gach bunscoil. Gabhaimid buíochas mór ó chroí le TJ Ó Ceallaigh go háirithe. Rinne TJ ón PDST an obair seo a chomhordú do mhúinteoirí an deiscirt.

Creat Rialála faoin bPróiseas Iontrála Scoileanna ag an mBunleibhéal agus ag an Iar-bhunleibhéal

Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna tar éis páipéar díospóireachta ar chreat rialála do rollú scoile a eisiúint. Is é an comhthéacs a bhaineann leis seo ná, de réir eolais na ROS:-

- Gur gá freastal ar riachtanais agus éagsúlacht na sochaí chomhaimseartha.
- Éagóir ar pháistí inimirceacha nó páistí a bhogann go ceantar agus atá ró-mhall don phróiseas iontrála.
- Dualgas na ROS a chinntiú go bhfuil áit scoile ag gach páiste sa tír, ach, ina a bhfocail féin, nach ghá go mbaineann an scoil le céad rogha na dtuismitheoirí.
- Dlíthíocht nua a bhaineann le hachomhairc faoi Alt 29.



Tá sé fíor-thábhachtach go mbeadh cosaint ar shainmheon teanga na scoileanna lán-Ghaeilge in aon phróiseas nua a leagfar amach. Chuige sin, sheol an eagraíocht suirbhé chuig gach bunscoil agus gach iar-bhunscoil lán-Ghaeilge ag fiosrú cleachtais reatha agus aon mholtaí faoi chreat rialála nua. Bunaithe ar an aiseolas, d'ullmhaigh an eagraíocht aighneacht agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna é.

Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta don Fhoghlaim agus Don Saol 2011 – 2020

D'ullmhaigh GAELSCOILEANNA TEO. aighneacht le cur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir leis an *Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta don Fhoghlaim agus Don Saol 2011 – 2020*. D'fháiltíomar roimh an aitheantas a tugadh sa Straitéis a foilsíodh go bhfuil riachtanais éagsúla ag scoileanna lán-Ghaeilge agus gur gá spriocanna a aontú chun freastal ar na riachtanais sin. Aithníodh nach bhfuil an siollabas Gaeilge in oiriúint do na scoileanna lán-Ghaeilge agus aithníodh go bhfuil gá le hiarchéim shiollabais a fhreastalaíonn ar riachtanais an oideachais lán-Ghaeilge.

Beidh dualgais nua ar bhunscoileanna ag eascairt ón *Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta don Fhoghlaim agus Don Saol 2011 – 2020*, ar a n-áirítear níos mó ama á chaitheamh ar fhorbairt scileanna litearthachta, tástálacha caighdeánaithe a chur i bhfeidhm don léitheoireacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, mar aon le mata do gach dalta i rang 2, 4 agus 6 ó 2012 ar aghaidh.

Mar chúnamh praiticiúil do scoileanna, reáchtáil GAELSCOILEANNA TEO. seimineár oiliúna dar teideal **Forbairt na Litearthachta sa Chóras Tumoideachais: Treoir Phraiticiúil** ar an 24 Deireadh Fómhair 2011. Bhí sé mar aidhm ag an seimineár seo cabhrú le múinteoirí naíonán, agus múinteoirí suas go rang 2 sna bunscoileanna lán-Ghaeilge go háirithe, dul i ngleic go dearfach le forbairt scileanna litearthachta. Bhí freastal

an-mhaith air agus bhí sé an-rathúil. Thug Dónal Ó hAiniféin, Deirdre Ní Dhorchaí agus Caoimhe Máirtín cainteanna fíor-phraiticiúil, spreagúil agus suimiúil. Léirigh an t-aiseolas gur fiú go mór leanúint leis an gcineál oiliúna seo agus úsáidfear an t-aiseolas chun seimineár eile a reáchtáil san Earrach 2012.

Conarthaí fostaíochta Samplacha d'fhoireann na scoileanna

D'éirigh linn dul chun cinn a dhéanamh i mbliana ar chonarthaí fostaíochta samplacha bunaithe ar ábhar an CPSMA a chur ar fáil as Gaeilge. Tá na conarthaí seo oiriúnach do phríomhoidí agus do Bhoird Bainistíochta atá ag plé le cúrsaí fostaíochta sna scoileanna lán-Ghaeilge. I measc na bpost a chlúdaítear, tá: Airíoch Scoile, Cúntóir Riachtanais Speisialta, Glantóir Scoile, Múinteoir, Rúnaí Scoile agus Tionlacaí Bus. Breis eolais ar: <http://www.gaelscoileanna.ie/resources/>

Cóimheas daltaí le múinteoirí

Cé gur gheall an Rialtas nach mbeadh aon athrú ag teacht ar an gcóimheas daltaí le múinteoirí i mbliana, níor chloígh siad lena ghealltanas i leith na ngaelscoileanna. I measc na gciorraithe a fógraíodh, cuireadh an cóimheas dalta le múinteoirí céanna i bhfeidhm sna bunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht is atá i bhfeidhm sna scoileanna Béarla. Tubaiste é seo do na scoileanna lán-Ghaeilge a bhfuil idir triúr agus ochtar múinteoirí acu go háirithe. Tá roinnt scoileanna ag cailliúint múinteoirí, roinnt eile le ranganna measctha agus scoileanna fágtha le ranganna níos mó. Bhí ar roinnt scoileanna idir 17-23 daltaí sa bhreis a thabhairt isteach sa scoil i Meán Fómhair 2011 leis na múinteoirí a choimeád, líon nach bhfuil réadúil dóibh mar nach scoileanna atá ag forbairt atá iontu. Aon uair a athraíodh an sceideal go dtí seo, is dalta nó beirt sa bhreis a bhí de dhíth seachas ardú fíor-suntasach mar a tharla. Athrú radacach, tromchúiseach atá san athrú seo. Soláthraíodh an sceideal níos ísle do na scoileanna lán-Ghaeilge i bhfianaise na hoibre bhreise a bhíonn ar siúl iontu de bharr sealbhú na Gaeilge agus

dúshláin ó thaobh acmhainní de.

Seoladh an feachtas **Cosain an Cóimheas** ar an 14 Márta 2011 le preas-ócáid agus léirsiú os comhair na Dála. Chlúdaigh an preas clóite Gaeilge, RnaG, TG4, *an Irish Times*, agus an *Irish Independent* é, chomh maith le raidió áitiúil i mBaile Átha Cliath. Tá gach iarracht déanta ag GAELSCOILEANNA TEO., mar aon leis an bhForas Pátrúnachta chun cur i gcoinne an leatroim seo. Táimid an-bhuíoch den Chumann Múinteoirí Éireann as a dtacaíocht ar an gceist seo. Tá an eagraíocht ag iarraidh teacht ar chomhréiteach ó shin leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, ach tá a lán dúshláin ag baint leis agus ardú eile sa chóimheas á bhagairt do gach scoil sa tír.

Foilseacháin Nua

Tá forbairt á dhéanamh i gcomhpháirt le Foras Pátrúnachta na Scoileanna lán-Ghaeilge an **Lámhleabhar do Phríomhoidí nua** a bheidh mar áis thacaíochta agus threorach do phríomhoidí nua sna bunscoileanna lán-Ghaeilge. Tá sé i gceist againn é a fhoilsiú i bhfoirm PDF go luath.

Tá **Ár bPolasaí Gaeilge** á uasdhátú agus á fhorbairt faoi láthair do bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Táimid an-bhuíoch díobh siúd a chomhlíon an suirbhé ina leith agus tá an t-aiseolas á úsáid ag Niamh Ní Mhaoláin, atá ina heagarthóir ar an bhfoilseachán. Tá súil againn go mbeidh an t-eagrán nua ar fáil do na scoileanna roimh dheireadh na scoilbhliana.

Tá sé d'aidhm ag GAELSCOILEANNA TEO **polasaí Gaeilge a fhorbairt do na hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge** chomh maith go luath sa bhliain 2012. Tá súil againn aischur a fháil ó na scoileanna féin faoi chlár ábhair. Ba mhian linn polasaí a fhorbairt a dhíreoidh ar chur chun cinn na Gaeilge lasmuigh den rang Gaeilge agus sa scoil/i gcomhphobal na scoile i gcoitinne. Beidh an eagraíocht i dteagmháil leis na hiar-bhunscoileanna go luath le tús a chur leis an bpróiseas seo. Tá súil againn go gcabhróidh



Seoladh An Traein, leabhrán ar an aistriú ón naíonra chuig an mbunscoil lán-Ghaeilge.

seo leis na hiar-bhunscoileanna na daltaí a spreagadh leis an nGaeilge a úsáid ina measc féin agus i gcomhthéacsanna eile dá saoil.

I mí Meán Fómhair, seoladh **An Traein: leabhrán ar an aistriú ón naíonra chuig an mbunscoil lán-Ghaeilge** a d'fhorbair GAELSCOILEANNA TEO. i gcomhar le Forbairt Naíonraí Teoranta. Is éard atá sa leabhrán ná moltaí agus eolas do scoileanna agus do naíonraí ar conas an t-aistriú ón naíonra chuig an mbunscoil a éascú chun leasa sóisialta, oideachasúla agus teanga na bpáistí. D'fhorbair an Dr. Máire Mhic Mhathúna, léachtóir le hoideachas sa luath-óige in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, an cháipéis seo ar ár son le cabhair ón gcoiste comhairleach. Tógadh tuairimí na scoileanna agus na naíonraí san áireamh tríd na comhsheimineáir a reáchtáil an dá eagraíocht le cúpla bliain anuas.

Tá sé i gceist ag an dá eagraíocht oibriú le dhá bhunscoil agus le réimse naíonraí an bhliain seo chugainn ar bhonn píolótach le tástáil a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dtuairimí sa leabhrán. Tá cóip den leabhrán ar fáil ar an suíomh idirlín, www.gaelSCOILEANNA.ie, mar aon le páipéar cúlra a thugann tuilleadh eolais. Tá súil againn go spreagfaidh an obair seo comhoibriú agus comhthuiscint idir na scoileanna agus na naíonraí chun leasa na bpáistí sa chóras gaeilscolaíochta.



Tuairisc ar Obair na hEagraíochta 2011 & ar Rúin 2010

Tá scoileanna ag léiriú an-sástachta leis an **nuachtlitir leictreonach** atá á foilsiú go ráithiúil ar an suíomh agus tríd an gcóras ríomhphoist chuig gach scoil lán-Ghaeilge ar bhonn 32 contae. Táimid an-sásta leis an aiseolas ó na

scoileanna agus is breá linn na scéalta agus na grianghraif a fheiceáil ag teacht isteach a chuireann go mór leis an nuachtlitir. Leanaigf oraibh ag cur ábhar chugainn!

Forbairt Scoilphobail



Daltaí ag cleachtadh do bhabhta Mumhain Scléip.

Imeachtaí Idirscoile agus Scléip

Is iad an dá thionscadail is mó atá ag an eagraíocht sa réimse forbairt scoilphobail faoi láthair ná na himeachtaí Idirscoile agus an comórtas Scléip. I measc na mbuntáistí a bhaineann leis an scéim imeachtaí idirscoile, tá comhoibriú idirscoile á neartú agus deiseanna á gcothú do pháistí páirt a ghlacadh in imeachtaí trí Ghaeilge le scoileanna eile. Tá samplaí den

chineál imeachta a d'fhéadfaí a reáchtáil don bhliain 2012 ar fáil ón oifig agus ar shuíomh idirlín na heagraíochta.

Ritheadh an comórtas tallainne do na hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, Scléip, i gcéad leath na bliana 2011. Reáchtáladh babhta réigiúnach i ngach cúige agus ghlac 24 iar-bhunscoil agus níos mó ná 500 daltaí páirt sa chomórtas, sin 170 léiriú éagsúla ar

stáitse thar an cheithre lá! Tugadh buaiteoirí na mbabhtáí sin le chéile san Amharclann Axis, Baile Átha Cliath don chraobh le linn mhí an Mhárta. Is iad an grúpa Ceoltóirí Reachrann a bhí mar phríomhbhuaiteoir sa chraobh agus a bhailigh leo le dealbh atá ar taispeáint sa scoil don tréimhse bliana. Léiríodh caighdeán an-ard de chur i láthair ó na daltaí agus beimid ag súil le caighdeán chomh hard céanna nó níos airde sa chéad chomórtas eile, a bheidh dírithe go mór ar na healaíona nua-aimseartha agus ar chumadóireacht agus cruthaitheacht na ndaltaí. Guímid gach rath ar na hiomaitheoirí uile a bhí againn go dtí seo agus go raibh fada buan a gcuid tallainne!

Taispeántas Scléip ag an gComhdháil Bhliantúil

Beidh taispeántas ag an gComhdháil oíche Dé hAoine ó dhaltáí Pobalscoil Ghaoth Dobhair a ghlac páirt i *Scléip 2011*; agallamh beirte le hEva Ní Dhoibhlín agus Ciarán Mac a Gheimhridh a bhain duais sa rannóg drámaíochta agus ceol le hEmma Ní Fhuaruisce, a bhain duais don amhránaíocht.

Nótaí beag buíochais agus Comhghairdis!

Buíochas le Bord Stiúrtha

Thar ceann na foirne, is mian liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis an mBord Stiúrtha as a thacaíocht leanúnach don bhfeidhmeannas. Is cinnte go raibh bliain eile dhúshlánach ann agus thug an Bord faoi le fuinneamh agus le fonn. Táimid an-bhuíoch den Uachtarán agus de gach ball den bhord a chuireann iad féin ar fáil dúinn go fiail flaithiúil.

Buíochas leis an bhFoireann

Ba mhaith liom an deis a thapú buíochas ó chroí a ghabháil leis an bhfoireann as a dúthracht, a cúnamh agus a díograis leanúnach agus iad i mbun a cuid dualgais. Bhí ualach mór oibre sa bhreis ar gach ball den bhfoireann, ar Nóra go háirithe, agus mé ar shaoire máithreachais agus táim fíor-bhuíoch as an toillteanas agus an gcomhoibriú a léirigh siad i gcónaí. Tá cumas ard agus dílseacht láidir ag an bhfoireann dá cuid oibre agus táim fíor-bhuíoch díobh as sin.

Buíochas le Foras na Gaeilge

Táimid an-bhuíoch d'Fhoras na Gaeilge as an maoiniú a ceadaíodh do 2011 chun go bhféadfaimis feidhmiú mar eagraíocht náisiúnta chomhordaithe agus tacaíochta do na scoileanna lán-Ghaeilge. Gabhaimid buíochas ar leith le Joe Ó Coinne as an gcomhoibriú agus an gcúnamh leanúnach agus gabhaimid comhghairdeas mór ó chroí le Seán Ó Coinn atá ceaptha anois ina **Leas-Phríomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais sa bhForas**. Go maire tú do chéad.

Comhghairdeas mór le Mícheál Ó Duibh atá ceaptha ina **Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle na Gaelscolaíochta**. Beimid ag súil go mór le comhoibriú leis sna blianta romhainn.

Is mian liom freisin thar ceann an eagrais comhghairdeas a ghabháil le **gach príomhoide nua ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal**. Beimid ag súil go mór leis an deis gach tacaíocht na heagraíochta a chur ar fáil daoibh agus sibh ag saothrú an ghoirt sa ról nua. Go raibh fada buan sibh.

Bláthnaid agus foireann GAELSCOILEANNA
TEO. Samhain 2011





Tuairisc an Rúnaí 2011



Reáchtáladh cruinnithe ag leibhéal an Bhoird Stiúrtha ó Chomhdháil Bhliantúil 2010 i leith ar na dátaí seo a leanas:

14 Nollaig 2010, 15 Eanáir 2011, 17 Feabhra 2011, 12 Márta 2011, 9 Aibreán 2011, 21 Bealtaine 2011, 18 Meitheamh 2011, 3 Meán Fómhair 2011, 8 Deireadh Fómhair 2011 agus 12 Samhain 2011.

Bliain an-ghnóthach a bhí ann do Bhord Stiúrtha GAELSCOILEANNA TEO. ag treorú phlean oibre na bliana de réir **Phlean Straitéiseach 2008-2011**, idir bhunú, bhuanú agus fhorbairt scoilphobail. Cúis cheiliúrtha don Bhord Stiúrtha agus d'earnáil na Gaelscolaíochta i mbliana a bhí ann gur tugadh cead do Ghaelscoil na Mí i gCill Dhéagláin oscailt i Meán Fómhair 2011 agus Gaelscoil an Chuilinn i Mullach Eadrad oscailt i Meán Fómhair 2012. Fógraíodh go mbeidh Gaelcholáistí nua ag oscailt i gCarraig Uí Leighin, i mBaile Brigín agus i Dún Droma go luath amach anseo. Tá an eagraíocht ag plé go leanúnach leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir lenár n-éileamh go mbeidh an ghaelscolaíocht mar bhun na gcritéar sa phróiseas aitheantais scoile.

Le dhá bhliain anuas tá **athstruchtúrú maoinithe** á dhéanamh ar na heagraíochtaí in earnáil dheonach na Gaeilge atá bunmhaoinithe ag Foras na Gaeilge. Tá sé i gceist go leanfar le bunmhaoiniú ar na heagraíochtaí lena mbaineann, GAELSCOILEANNA TEO. ina measc, go dtí go mbeidh an t-athstruchtúrú curtha i gcrích. Tá GAELSCOILEANNA TEO. i gcomhar leis an bhFóram (guth aontaithe na n-eagraíochtaí bunmhaoinithe) ag comhoibriú agus ag plé leis an bhForas ar bhonn leanúnach chun go mbeidh an toradh is fearr agus is éifeachtaí d'earnáil na Gaeilge ar an bpróiseas athstruchtúraithe seo. Go comhthreomhar leis an bplé faoin athstruchtúrú faoi eagrais bhunmhaoinithe an Fhorais, cuireadh dlús le

comhchainteanna idir GAELSCOILEANNA TEO. agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teo. maidir le féidearthachtaí cónasctha idir an dá eagrais. Feictear don dá eagrais go mbeadh fiúntas an-mhór le guth comhaontaithe amháin faoi earnáil an oideachais trí mheán na Gaeilge ach an struchtúr maoinithe ceart a bheith i bhfeidhm chun gur féidir clár oibre de réir riachtanas na scoileanna lán-Ghaeilge a chur i gcrích. Leanfar leis na comhchainteanna ina bhfuil na féidearthachtaí chun leasa na hearnála á chíoradh.

Reáchtáladh seimineáir lae tacaíochta/oiliúna i rith na bliana do gach coiste bunaithe reatha bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal. Eagraíodh seimineáir oiliúna i mí Dheireadh Fómhair 2011 dar teideal *Forbairt Scileanna Litearthachta sa Chóras Tumoideachais*. D'eascair an riachtanas don oiliúint seo as treoir ón Roinn Oideachais & Scileanna maidir le forbairt scileanna litearthachta mar chuid den Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta don Fhoghlaim agus Don Saol 2011-2020. Bhí an-rath ar an seimineár seo agus léiríodh gur gá an cur chuige seo a leanúint chun freastal ar riachtanais oiliúna na scoileanna lán-Ghaeilge.

Leanadh leis na struchtúir réigiúnacha ar fud na tíre agus tá **líonraí réigiúnacha** ag tabhairt deiseanna do phobail uile na scoileanna comhoibriú agus saineolas a roinnt ar a chéile. Arís i mbliana, bhí an-éileamh ar na **himeachtaí idir scoile**. Reáchtáladh comórtas tallainne na n-iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge/Gaeltachta, *Scléip* i rith na bliana agus d'éirigh thar barr leis. Beidh taispeántas ag an gComhdháil oíche Aoine ó bhuaiteoirí *Scléip* sna rannóga amhránaíochta agus drámaíochta.

Bhí an eagraíocht (i gcomhar le Forbairt Naíonraí Teoranta) páirteach i bhforbairt an leabhráin **An Traein**, leabhrán a bhaineann leis

an aistriú ón naíonra chuig an bhunscoil lán-Ghaeilge. Tá plé tosaithe le FNT maidir le scéim phíolótach a fhorbairt idir naíonra agus gaelscoil ar leith i mbliana. Eagraíodh comhsheiminéar i gcaitheamh na bliana le FNT maidir le hAistear, Síolta agus an Curaclam Bunscoile. D'fhorbair an eagraíocht polasaí **ar na hAonaid lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal** i mbliana freisin.

Ghlac an eagraíocht páirt i mbliana in **aighneachtaí** a ullmhú ar réimse leathan d'ábhair a bhaineann le hearnáil na gaelscolaíochta, ar a n-áirítear, An Fóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas in Earnáil an Bhunoideachais, Leanúntas Oideachas Múinteoirí, Luach ar Airgead i Leith Scoileanna Beaga, An Litearthacht agus An Uimhearthacht do Leanaí agus Daoine Óga, Athchóiriú ar an bPróiseas Aitheantais d'Iar-bhunscoileanna nua agus Creat Rialála do Rollú Scoile. I measc na bhfeachtas eile a tharla le linn na bliana, áirítear An Ghaeilge mar Chroí Ábhar san Ardteist agus feachtas oll-toghchánaíochta ag dearbhú príomh-éilimh GAELSCOILEANNA TEO. ar Rialtas na hÉireann 2011.

Cúis mhór díomá do Bhord Stiúrtha agus d'earnáil na gaelscolaíochta i mbliana ná an t-athrú ar an **gcóimheas daltaí le múinteoirí** sna bunscoileanna lán-Ghaeilge. Buille uafásach mór a bhí ann, go háirithe do na scoileanna faoin bhForas Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge atá gan phaineál ath-implonaithe. Reáchtáladh feachtas le preas-ocáid agus léirsiú os comhair na Dála i Mí Márta. Cé nár tháinig aon athrú ar an gcóimheas, d'éirigh leis an bhForas

Pátrúnachta a phaineál féin a chur i bhfeidhm. Gabhaim buíochas leis an Uachtarán, leis an mBord Stiúrtha, le foireann GAELSCOILEANNA TEO. agus le pobal uile na scoileanna agus muid ag ullmhú do Chomhdháil Oideachais spéisiúil eile dar téama **Ag Saibhriú Saol Páistí**.

Yvonne Ní Mhurchú, Rúnaí

Tinreamh ar na Cruinnithe den Bhord Stiúrtha 2010-2011

Mícheál Ó Broin	9/9
Yvonne Ní Mhurchú	9/9
Seán Mag Oireachtaigh	9/9
Máirín Ní Chéileachair	8/9
Mícheál Ó Duibh	8/9
Seán Ó Nuanáin	8/9
Clodagh Ní Mhaoilchiaráin	7/9
Norma Ní Chonchúir	7/9
Pádraig Ó Duinneacha	7/9
Cathal Ó Luain	6/9
Póla Ní Chinnsealaigh	6/9
Fíona Uí Uiginn	6/9
Dealgán Ó Ciarubháin	6/9
Cathnia Ó Muircheartaigh	6/9
Elaine Ní Shé	5/9
Alison Carruth	4/9
Hazel Ní Phiogóid	4/9
Conall Ó Cruadhlaoich	3/9
Deirdre Nic Gabhann	1/9
(ar saoire máithreachais)	





Dréacht-Mhiontuairiscí Cruinniú Cinn Bhliana 20 Samhain, 2010

Miontuairiscí 2009

Díríodh aird an tslua ar na miontuairiscí ó Chruinniú Cinn Bhliana 2009.

Molta: Clodagh Ní Mhaoilchiaráin

Tacaíthe: Fíona Uí Uiginn

Tuairisc an Rúnaí

Molta: Seán Ó hArgáin

Tacaíthe: Dáithí de Paor

Cuntais na Bliana

Cuireadh cuntais iniúchta 2009 i láthair an chruinnithe.

Tuairisc na heagraíochta 2010 agus Tuairisc ar na rúin 2009

Chuir Bláthnaid ní Ghréacháin Tuairisc na heagraíochta 2010 agus Tuairisc ar na rúin a ritheadh ag Cruinniú Cinn Bhliana 2009 i láthair an tslua. Tugadh léargas ar obair na heagraíochta ó Chomhdháil Bhliantúil 2009 de réir na rún a ritheadh ag Cruinniú Cinn Bhliana 2009 agus de réir 3 phríomhréimse oibre na heagraíochta: Bunú Scoileanna, Buanú Scoileanna agus Forbairt Scoilphobail.

Na Toghcháin

Toghchán na nOifigeach

Ní raibh aon toghchán don Uachtaránacht.

- Leas-Uachtarán: Cathnia Ó Muircheartaigh, tofa gan iomaíocht.
- Rúnaí: Yvonne Ní Mhurchú, tofa gan iomaíocht.
- Leas-Rúnaí: Clodagh Ní Mhaoilchiaráin, tofa gan iomaíocht.
- Cisteoir: Dealgan Ó Ciarubháin, tofa gan iomaíocht.
- Oifigeach Caidrimh Phoiblí: Máirín Ní Chéileachair, tofa gan iomaíocht.
- Oifigeach Polasaí agus Pleanála: Micheál Ó Duibh, tofa gan iomaíocht.

Toghchán na nGnáthstíúrthóirí

Mhol an tUachtarán go dtoghfaí na 12 iarrthóirí mar ghnáthstíúrthóirí. Thacaigh Cathnia Ó Muircheartaigh leis an moladh seo. Toghadh na 12 iarrthóirí d'aonghuth.

- Norma Ní Chonchúir
- Alison Carruth
- Deirdre Nic Gabhann

- Hazel Ní Phiogóid
- Seán Mag Oireachtaigh
- Cathal Ó Luain
- Conall Ó Cruadhlaoidh
- Póla Ní Chinnsealaigh
- Fíona Uí Uiginn
- Elaine Ní Shé
- Pádraig Ó Duinneacha
- Seán Ó Nuanáin

Na Rúin

Na Rialacha Seasta – Díródh aird gach duine ar na rialacha seasta agus míníodh nach bhfuil cead vótála ach ag na baill chláraithe amháin.

Cuireadh na rúin os comhair an chruinnithe mar seo a leanas:

- Rún 1:** Molta: Mícheál Ó Broin
Tacaíthe: Máirín Ní Chéileachair
Ritheadh an rún d'aonghuth.
- Rún 2:** Molta: Mícheál Ó Broin
Tacaíthe: Seán Mag Oireachtaigh
Ritheadh an rún d'aonghuth.
- Rún 3:** Molta: Clodagh Ní Mhaoilchiaráin
Tacaíthe: Seán Mag Oireachtaigh
Ritheadh an rún d'aonghuth.
- Rún 4:** Molta: Mícheál Ó Broin
Tacaíthe: Cathal Ó Luain
Ritheadh an rún d'aonghuth.
- Rún 5:** Molta: Dáithí de Paor
Tacaíthe: Mícheál Ó Broin
Ritheadh an rún d'aonghuth.
- Rún 6:** Molta: Máirín Ní Chéileachair
Tacaíthe: Póla Ní Chinnsealaigh
Ritheadh an rún d'aonghuth.
- Rún 7:** Molta: Fíona Uí Uiginn
Tacaíthe: Conall Ó Cruadhlaoidh
Ritheadh an rún d'aonghuth.
- Rún 8:** Molta: Mícheál Ó Leighin
Tacaíthe: Seán Ó hArgáin
Ritheadh an rún d'aonghuth.
- Rún 9:** Molta: Seán Mag Oireachtaigh
Tacaíthe: Cathnía Ó Muircheartaigh
Ritheadh an rún i dtrí chuid: a) Rite b) Rite c) Rite



- Rún 10:** Molta: Clodagh Ní Mhaoilchiaráin
Tacaíthe: Micheál Ó Duibh
Ritheadh an rún d'aonghuth.
- Rún 11:** Molta: Pádraig Mac Criostail
Tacaíthe: Seán de Paor
Ritheadh an rún d'aonghuth.
- Rún 12:** Molta: Micheál Ó Broin
Tacaíthe: Seán Mag Oireachtaigh
Ritheadh an rún d'aonghuth.
- Rún 13:** Molta: Micheál Ó Broin
Tacaíthe: Micheál Ó Duibh
Ritheadh an rún d'aonghuth.

Chuir an tUachtarán, Micheál Ó Broin, deireadh oifigiúil leis an gComhdháil agus ghabh sé buíochas le gach duine as a gcuid rannpháirtíochta ag an gComhdháil. Rith sé rún buíochais freisin leis an gcoiste áitiúil agus le Gaelscoil Eiscir Riada agus Gaelscoil Eadán Doire as a gcuid tacaíochta agus cabhrach le heagrú comhdhála den scoth.

Scor an chruinnithe.



Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2010

Gaelscoileanna 

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal)

GAELSCOILEANNA TEORANTA

Eolas	49
Tuarascáil na Stiúrthóirí	50
Freagrachtaí Stiúrthóirí	51
Tuarascáil an Iniúcháir	52
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	54
Clár Comhardaithe	55
Nótaí ar na Cuntais	56
Ráiteas Sreabhadh Airgid	58

Eolas

Stiúrthóirí:

Mícheál Ó Broin (Uachtarán)
Cathnia Ó Muircheartaigh
Yvonne Ní Mhurchú
Clodagh Ní Mhaoilchiaráin
Dealgan Ó Ciarubháin
Máirín Ní Chéileachair
Mícheál Ó Duibh
Seán Mag Oireachtaigh
Cathal Ó Luain
Seán Ó Nuanáin
Alison Carruth
Deirdre Nic Gabhann
Conall Ó Cruadhlaoidh
Póla Ní Chinnsealaigh
Fiona Uí Uiginn
Hazel Ní Phiogóid
Norma Ní Chonchúir
Elaine Ní Shé
Pádraig Ó Duinneacha

Rúnaí Yvonne Ní Mhurchú

Oifig Chláraithe:

Halla Naomh Pádraig
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghríofa
Baile Átha Cliath 9

Uimhir Chláraithe: 317146

Baincéirí:

Bainc Aontas Éireann
40/41 Sráid an Fheistí
Baile Átha Cliath 2

Iniúcháir:

Dáithí Ó Maolchoille
Cuntasóir Cairte agus
Iniúcháir Cláraithe
75 Páirc Weston
Baile an Teampaill
Baile Átha Cliath 14



Tuarascáil na Stiúrthóirí

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

Cuireann na stiúrthóirí a ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010 faoi bhráid na gcomhaltaí.

Athbhreithniú ar imeachtaí na bliana

Is scátheagraíocht í an chuideachta a chomhordaíonn agus a thugann tacaíocht do Ghaelscoileanna ar fud na tíre.

Torthaí na bliana agus staid cúrsaí ar 31 Nollaig 2010

Tá an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais agus an Clár Comhardaithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010 ar leathanaigh 54 go 60. Tá toradh na bliana le léamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar leathanach 8. Tá staid chúrsaí na cuideachta léirithe ar an gClár Comhardaithe ar leathanach 55.

Stiúrthóirí

Ar 14 Nollaig 2010 ceapadh Norma Ní Chonchúir, Pádraig Ó Duinneacha agus Elaine Ní Shé mar stiúrthóirí.

Ar 22 Bealtaine 2010 d'éirigh Mait Ó Brádaigh as an mBord Stiúrtha agus ar 10 Lúnasa 2010 d'éirigh Sinéad Ní Nualláin as an mBord Stiúrtha.

De réir na nAirteagal Comhlachais éiríonn na stiúrthóirí go léir as oifig ag an gcruinniú cinn bhliana agus, iad a bheith inainmnithe, cuireann siad iad féin ar fáil le bheith atofa. Éiríonn an tUachtarán as oifig gach dara bliain agus é/í a bheith inainmnithe, cuireann sé/sí é/í féin ar fáil le bheith atofa.

Gníomhaíonn na stiúrthóirí go léir ar bhonn deonach.

Imeachtaí tábhachtacha ó dheireadh na bliana

Ní raibh aon imeachtaí tábhachtacha a bhaineann leis an gcuideachta ó dheireadh na bliana.

Forbairtí amach anseo sa ghnóthas

Leanfaidh an chuideachta ag feidhmiú faoi mar atá sí faoi láthair sa bhliain seo chugainn.

Leabhair chuntais

Is iad na céimeanna a ghlacann na stiúrthóirí chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil coinníollacha Ailt 202 de Acht na gCuideachtaí 1990, faoi leabhair chuntais chuí, á gcomhlíonadh ná: na polasaithe agus na nósmhaireachtaí riachtanacha a fheidhmiú chun idirbhearta a chlárú; foireann chuntasaíochta chumasach, le taithí oiriúnach, a fhostú; agus dóthain acmhainní a sholáthar chun cúram a dhéanamh de na cuntais. Coimeádtar na leabhair chuntais ag Oifig Chláraithe na Cuideachta.

Iniúcháir

Chuir Dáithí Ó Maolchoille, Cuntasóir Cairte agus Iniúcháir Cláraithe, in iúl go bhfuil sé toilteanach leanúint in oifig de réir Alt 160(2), Acht na gCuideachtaí 1963.

Ar son na stiúrthóirí
Mícheál Ó Broin
Dealgan Ó Ciarubháin
Stiúrthóirí
9 Aibreán 2011

Ráiteas ar fhreagrachtaí stiúrthóirí

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

Tá na stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlíthe oiriúnacha agus de réir Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, ar a n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta atá eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Cuntasaíochta agus atá foilsithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

De réir dlí cuideachta tá iallach ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliana airgeadais a thugann léargas fíor cothrom ar ghnóthaí na cuideachta agus ar bhrabús nó ar chaillteanas na cuideachta don tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu ní foláir do na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Deimhníonn na stiúrthóirí go bhfuil na riachtanais thuas comhlíonta agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta chuif a choimeád a léiríonn le cruinneas réasúnta stádas airgeadais na cuideachta ag am ar bith agus a chuireann ar a gcumas bheith deimhin de go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus gnóthaí cama eile a chosc agus a aimsiú.

Ar son na stiúrthóirí
Mícheál Ó Broin
Dealgan Ó Ciarubháin
Stiúrthóirí
9 Aibreán 2011



Tuarascáil an iniúcháora neamhspleách do na comhaltaí

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais de Ghaelscoileanna Teoranta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010 ar a n-áirítear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Iomlán Admhaithe, Ráitis Sreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara ar leathanaigh 54 go 58. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi réir na bpolasaithe cuntasáíochta atá leagtha amach iontu.

Is do chomhaltaí na cuideachta amháin, mar chomhlacht, faoi réir Alt 193 de Acht na gCuideachtaí 1990 a dhéantar an tuarascáil seo. Chuaigh mé i mbun na hoibre iniúchta go bhféadfainn a lua le comhaltaí na cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orm a lua i dtuarascáil iniúcháora agus chun na críche sin amháin. Chomh fada agus is ceadmhach dom de réir dlí ní ghlacaim ná ní ghabhaim chugam féin freagracht do dhuine ar bith seachas don chuideachta agus do chomhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as mo obair iniúchta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar tháinig mé orthu.

Freagrachtaí na stiúrthóirí agus an iniúcháora faoi seach

Mar atá leagtha amach san Ráiteas ar Fhreagrachtaí Stiúrthóirí tá stiúrthóirí na cuideachta freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais de réir dhlíthe oiriúnacha agus na gcaighdeán cuntasáíochta atá eistithe ag an mBord um Chaighdeán Iniúcháireachta agus atá foilsithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann (Cleachtais Chuntasáíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn).

Is é an dualgas atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh faoi réir na riachtanas dlíthiúla agus rialaitheacha gaolmhara agus na gCaighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (Éire).

Tugaim tuairisc ar mo thuairim daoibh faoi fhírinne agus faoi chothromas an léargais a thugann na ráitis airgeadais, faoi réir Chleachtais Chuntasáíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, agus cé acu ar ullmhaíodh i gceart iad de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Tuairiscím daoibh freisin mo thuairim faoi na hábhair seo a leanas: cé acu ar choimeád nó nár choimeád an chuideachta leabhair chuntais chearta agus an bhfuil nó nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais. Thairis sin, deirim cé acu an bhfuair mé nó nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe riachtanacha uile chun críche mo iniúchta, agus cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tugaim tuairisc daoibh freisin, más é mo thuairim é, nach bhfuil eolas a éilítear de réir dlí maidir le luach saothair agus le bearta na stiúrthóirí tugtha agus, más féidir, tugaim an t-eolas sin i mo thuarascáil.

Léim tuarascáil na stiúrthóirí agus cuirim ar an meá na himpleachtaí do mo thuarascáil má mheasaim cuma mhíchruinn a bheith ar aon ráiteas inti.

Bunús thuairim an iniúchta

Rinne mé mo iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Cleachtais

Tuarascáil an iniúcháir neamhspleách do na comhaltaí (ar leanúint)

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

Iniúcháireacht. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus na faisnéisithe sna ráitis airgeadais. Áirítear ann freisin measúnú ar na meastacháin shuntasacha agus ar na breitheanna a thug na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, mar aon le measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáochta do chúinsí na cuideachta, agus cé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear na polasaithe sin i bhfeidhm go comhsheasmhach agus an nochtar go leordhóthanach iad.

Rinne mé m'iniúchadh a phleanáil agus a chur i gcrích ionas go bhfaighfí an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheas mé ba ghá chun fianaise leordhóthanach a sholáthar dom le go mbeadh cinnteacht réasúnta ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó mírialtacht nó earráid eile ba chúis leis. Le linn dom teacht ar mo thuairim rinne mé meastóireacht freisin ar dhóthanacht iomlán na slite inar léiríodh an fhaisnéis sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Is é mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais: go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar ghnóthaí na cuideachta, faoi réir na gCleachtas Cuntasáochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, mar a bhí ar an 31 Nollaig 2010 agus ar a toradh don bhliain a chríochnaigh ansin; agus gur ullmhaíodh iad i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009.

Fuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheas mé ba ghá i gcomhair m'iniúchta. Is é mo thuairim gur choimeád an chuideachta leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

Is é mo thuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Dáithí Ó Maolchoille
Cuntasóir Cairte, Iniúcháir Cláraithe
75 Páirc Weston
Baile Átha Cliath 14
9 Aibreán 2011



Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010	2009
		€	€
Ioncam		507,031	491,771
Caiteachas		(498,598)	(500,141)
Farasbarr/(easnamh) oibreacháin ar ghnáthghníomhachtaí roimh cháin	2	8,433	(8,370)
Cáin ar fharasbarr/(easnamh) ar ghnáthghníomhachtaí	3		
Farasbarr/(easnamh) ar ghnáthghníomhachtaí tar éis cánach		8,433	(8,370)
Farasbarr ag 1 Eanáir		79,940	88,310
Farasbarr ag 31 Nollaig		88,373	79,940

Ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas iomlán admhaithe

Ní raibh gnóthachan ná caillteanas ar bith admhaithe seachas toradh coimeádta an bhliain airgeadais. Ní raibh gluaiseachtaí ar bith i gcistí na cuideachta i rith na bliana seachas toradh coimeádta na bliana airgeadais.

Ar son na stiúrthóirí
 Mícheál Ó Broin
 Dealgan Ó Ciarubháin
 Stiúrthóirí
 9 Aibreán 2011

Clár Comhardaithe

ag 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010	2009
		€	€
Sócmhainní seasta	4		
Sócmhainní reatha			
Airgead sa bhanc	2	108,869	96,871
Creidiúnaithe (Iníoctha laistigh de bhliain amháin)	3	(20,496)	(16,931)
Glansócmhainní reatha		88,373	79,940
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		88,373	79,940
Comhdhéanta mar a leanas Cuntas ioncaim agus caiteachais		88,373	79,940

Ar son na stiúrthóirí
Mícheál Ó Broin
Dealgan Ó Ciarubháin
Stiúrthóirí
9 Aibreán 2011



Nótaí ar na Cuntais

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

1. Polasaí Cuntasaíochta

Gnás Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir an ghnás chéadchostais.

Dímheas Sócmhainní Inláimhsithe Dochta

Soláthraítear dímheas ar na sócmhainní inláimhsithe go léir ag rátaí atá measta chun costas na sócmhainní, lúide luach iarmharach measta, a dhíscríobh thar an tréimhse a mbíonn siad inúsáidte ar mhodh na líne dírí mar a leanas:

Trealamh oifige 33 1/3 % per annum

Pinsin

Tá leasanna pinsin maoinithe thar thréimhse seirbhíse na bhfostaithe mar ranníocaíochtaí do chiste faofa. Tá na ranníocaíochtaí curtha i gcoinne an chuntais loncaim agus Caiteachais sa tréimhse lena mbaineann siad.

2. Farasbarr oibreacháin ar ghnáthghníomhachtaí roimh cháin

Léirítear na torthaí roimh cháin tar éis na gcostas seo leanas a íoc:

Táille iniúcháir - iniúchadh
- seirbhísí neamhiniúcháireachta

2010	2009
€	€
1,200	1,200
1,000	1,000

3. Cáin ar thorthaí ar ghnáthghníomhachtaí

Tá stádas carthanúil faighte ag an gcuideachta ó na Coimisinéirí loncaim a thugann faoiseamh ó cháin i leith ioncaim nó ghnócháin chaipitiúla a úsáidtear agus atá inúsáidte chun críche aidhmeanna carthanúla amháin. Bronnadh an stádas sin ar an gcuideachta i litir ó na Coimisinéirí loncaim dar dáta 14 Feabhra 2000.

Nótaí ar na Cuntais (ar leanúint)

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

4. Sócmhainní inláimhsithe dochta

	Trealamh Oifige
Costas	€
Ag 1 Eanáir agus 31 Nollaig	26,444
Dímheas	
Ag 1 Eanáir	26,444
Muirear na bliana reatha	
Ag 31 Nollaig	26,444
Glanmhéid	
31 Nollaig 2010	-
31 Nollaig 2009	-

5. Stádas na Cuideachta

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal is ea an chuideachta.

6. Glacadh leis na Ráitis Airgeadais

Ghlac na stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais ar 9 Aibreán 2011.



Ráiteas Sreabhadh Airgid

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

	2010	2009
	€	€
Insreabhadh glan airgid thirim ó ghníomhachtaí oibriúcháin	11,998	7,104
Méadú ar airgid tirim agus ar choibhéisí airgid thirim	11,998	7,104
Anailís ar airgead agus ar choibhéisí airgid agus ghluaiseachtaí i rith na bliana		
Ag tús na bliana	96,871	89,767
Insreabhadh airgid thirim	11,998	7,104
Ag deireadh na bliana	108,869	96,871
Réiteach idir (easnamh)/farasbarr na bliana agus sreabhadh airgid thirim ó Gníomhachtaí oibriúcháin		
Farasbarr	8,433	(8,370)
Laghdú/(méadú) ar réamhíocaíochtaí	-	17,354
Méadú/(laghdú) ar chreidiúnaithe	3,565	(1,880)
	11,998	7,104

Cuntas Oibriúcháin

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

	2010	2009
	€	€
<u>Ioncam</u>		
Deontas – Foras na Gaeilge	481,723	469,441
Ballraíocht	7,448	4,160
Fógraíocht/seastáin - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	5,190	5,353
Nuachtlitir	829	767
Táille - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	11,841	12,050
	507,031	491,771
<u>Caiteachas</u>		
Tuarastail agus Prémheanna Pinsin	302,662	285,607
Costais an Fheidhmeannais	13,271	13,548
Bord Stiúrtha - cruinnithe agus cothabháil	17,966	17,460
Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	33,211	37,212
Cíos	24,500	18,375
Árachas	1,266	-
Costais Oifige	10,119	9,122
Teileafón	3,853	5,470
Postas	4,084	6,640
Stáiseanóireacht	8,209	6,802
Ríomhaireacht	4,429	2,711
Táillí Bainc	608	489
Táillí Proifisiúnta	9,426	8,489
Deontais - Bunú agus Cabhrú le Scoileanna	13,471	9,000
Oiliúint agus Earcaíocht Foirne	450	3,812
Scléip (Caiteachas €12,541: Ioncam €2,009)	10,532	9,390
Imeachtaí Idirscoile	19,674	15,534
Foilseacháin/Poiblíocht	5,660	10,685
Cúrsaí Forbairt Ghairmiúil Scoileanna	1,200	6,235
Deontais Aistriúcháin	1,475	-
Aistriúcháin ar Chonarthaí Scoile	4,000	-
Comhsheimineár Luathoideachais le Forbairt Naíonraí	5,030	4,475
Teoranta	3,029	-
Seimineár do Choistí Bunaithe	473	-
Líonra Réigiúnach	-	20,970
Cóiríocht Iaroirige	-	1,907
Trealamh	-	6,208
Deontais Acmhainní		
	498,598	500,141
Farasbarr/(easnamh) na bliana	8,433	(8,370)



Cuntas Oibriúcháin

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

Cuntas 1

Ioncam

Deontas – Foras na Gaeilge
Fógraíocht/seastáin - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana
Nuachtlitir
Táille - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana

Caiteachas

Tuarastail agus Prémheanna Pinsin
Costais an Fheidhmeannais
Bord Stiúrtha - cruinnithe agus cothabháil
Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana
Cíos
Árachas
Costais Oifige
Teileafón
Postas
Stáiseanóireacht
Ríomhaireacht
Táillí Baine
Táillí Proifisiúnta
Deontais - Bunú agus Cabhrú le Scoileanna
Oiliúint agus Earcaíocht Foirne
Scléip (Caiteachas €12,541: Ioncam €2,009)
Imeachtaí Idirscoile
Foilseacháin/Caidreamh Poiblí
Cúrsaí Fhorbairt Ghairmiúil Scoileanna
Deontais Aistriúcháin
Aistriúcháin ar Chonarthaí Scoile
Comhsheimineár Luathoideachais le Forbairt Naíonraí Teoranta
Seimineár do Choistí Bunaithe
Líonra Réigiúnach
Cóiríocht Iaróifige
Trealamh
Deontais Acmhainní

Farasbarr/(easnamh) na bliana – cuntas 1

2010	2009
€	€
481,723	469,441
5,190	5,353
829	767
11,841	12,050
499,583	487,611
302,662	285,607
13,271	13,548
17,966	17,460
32,611	36,612
24,500	18,375
1,266	-
10,119	9,122
3,853	5,470
4,084	6,640
8,209	6,802
4,429	2,711
608	489
8,926	8,489
13,471	9,000
450	3,812
10,532	9,390
19,674	15,534
5,660	10,685
1,200	6,235
1,475	-
4,000	-
5,030	4,475
3,029	-
473	-
-	20,970
-	1,907
-	6,208
497,498	499,541
2,085	(11,930)

Cuntas Oibriúcháin

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

Cuntas 2

Ioncam

Ballraíocht

Caiteachas

Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana

Táille Proifisiúnta

Farasbarr na bliana - cuntas 2

2010	2009
€	€
7,448	4,160
600	600
500	-
1,100	600
6,348	3,560





Liosta na Seastán 2011

Forbairt Naíonraí Teo.

Images

Spraoi!

Fios Feasa

Cló Iar-Chonnachta

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Conradh na Gaeilge

Glanmore Foods

Carroll Education

An Mála Mór

An tÁisaonad

Móinín

Coláiste na bhFiann

Coiscéim

Foras na Gaeilge

Glór na nGael/Udar.ie

Meitheal na mBeag

Dúrud Teo.

Gaelscéal

Aladdin Schools

Studybase

Na Próbaí Uilleann

Toomey Audio Visual Ltd.

Carambola Kidz

Apple

Nótaí



Nótaí

Ábhar Léitheoireachta do Réimse Iomlán na Bunscoile

Fungie le DVD

An Phleist Mhór le CD



ISBN: 978-0-9554079-8-7
Aois 3-7 Pragas €13.95




ISBN: 978-0-9564926-5-4
Aois 4-7 Pragas €12.95

Fungie & Mara




ISBN: 978-0-9564926-3-0
Aois 4-7 Pragas €12.00

Ruball Trioball



ISBN: 978-0-9564926-0-9
Aois 6-8 Pragas €8.00

Eachtraí Uchtaigh



ISBN: 978-0-9554079-9-4
Aois 7-9 Pragas €8.00

Is Mise do Chara



ISBN: 978-0-9564926-4-7
Aois 9-11 Pragas €8.00

Na Clocha Síneacha



ISBN: 978-0-9554079-7-0
Aois 10-12 Pragas €10.00

Osama, Obama, Ó, a Mhama!



ISBN: 978-0-9564926-2-3
Aois 10-13 Pragas €8.50


Bolgchaint & scéalta eile



ISBN: 978-0-9554079-4-9
Aois 10-14 Pragas €8.00


Ábhar Léitheoireachta do Réimse Iomlán an Dara Leibhéil

Gafa



ISBN: 0-9532777-5-5
Aois 14-18 Pragas €10.00

Hooked



ISBN: 978-0-9554079-3-2
Aois 14-18 Pragas €12.50

Fáinne Fí Fí



ISBN: 978-0-9554079-5-6
Aois 14-18 Pragas €9.00

Battle for the Burren



ISBN: 978-0-9554079-1-8
Aois 16+ Pragas €14.00

Terror on the Burren



ISBN: 0-9532777-0-4
Aois 13+ Pragas €12.50

Sceoin sa Bhoireann



ISBN: 0-9532777-6-3
Aois 16+ Pragas €10.00

Ár i gCor Chomrua




ISBN: 978-0-9554079-2-5
Aois 16+ Pragas €14.00

Goimh & scéalta eile




ISBN: 0-9532777-4-7
Aois 14-17 Pragas €7.00

Ecstasy & other stories



ISBN: 0-9532777-9-8
Aois 13-16 Pragas €10.00

Litr ó mo Mháthair Altrama



ISBN: 0-9532777-7-1
Aois 18+ Pragas €8.00

An Nollaig sa Naigin



ISBN: 978-0-9554079-0-1
Aois 8-80 Pragas €12.50

GAELSCOILEANNA TEO.

Halla Naomh Pádraig
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghríofa
Baile Átha Cliath 9.

Guthán: 01 853 5195

Ríomhphost: oifig@gaelscoileanna.ie

Idirlíon: www.gaelscoileanna.ie

Gaelscoileanna 